COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2004

COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ

Tuarascáil Bhliantúil 2004

Ráiteas Misin

Údarás áitiúil freagrach agus nuálach a bheidh ionainn, beidh ról lárnach againn i bhfeabhsú cháilíocht na beatha i gCorcaigh, agus beimid ar thús cadhnaíochta agus sinn ag freastal ar riachtanais ár bpobail.

CLÁR ÁBHAIR

	Page
Teachtaireacht ón Ardmhéara	2
Réamhrá ó Bhainisteoir na Cathrach	3
Baill de Chomhairle Cathrach Chorcaí	4
Foireann Bhainistíochta Chomhairle Cathrach Chorcaí	6
Stiúrthóireacht Pleanála agus Forbartha	7
Forbairt Cheantar na nDuganna	14
Áineas, Conláistí agus Cultúr	18
Bóithre agus Iompar	20
Pobal agus Fiontraíocht	22
Príomhchathair Chultúrtha na hEorpa 2005	26
Tithíocht agus Pobal	28
Stiúrthóireacht Comhshaoil	31
Roinn Ailtire na Cathrach	34
Córas Faisnéise	37
Rannóg Reachtúil	41
Airgeadas	42
Réimsí na gClár	44
Táscairí Seirbhíse	51
Feidhmiú na Comhairle	58
Cothromaíocht Inscne san Earcaíocht	58
An tAcht Rialtais Áitiúil 2001	59
Plean Corporáideach 2001-2004	61
Tuarascáil Dheireanach ar Dhul Chun Cinn	

Réamhrá an Ardmhéara

Bliain eisceachtúil ea ba 2004 do Chorcaigh. Is iontach an dul chun cinn atá déanta inár mbonneagar agus inár dtimpeallacht tógtha. Tháinig mórán scéimeanna atá luaite sna leathanaigh seo leanas chun bláth le linn na bliana seo agus daingníodh an dul chun cinn maidir le cuimsitheacht sóisialta agus forbairt phobail. Gan amhras, tá Corcaigh i mbarr a réimse faoi láthair.

Ar ndóigh ní fhéadfaí aon chuid de seo a dhéanamh gan tacaíocht leanúnach ó earnálacha éagsúla sa tsochaí. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil go poiblí lenár bpobal gnó a thugann an oiread sin tacaíochta do rathúlacht leanúnach Chorcaí trí íocaíochtaí rátaí agus tríd an obair a dhéanann an Cumann Lucht Trádála agus Cumann Gnó Chorcaí. Teastaíonn uaim buíochas a ghabháil freisin leis an ngnáthphobal – iad sin a íocann a dtáillí bruscair agus a gcíos tithíochta – na saoránaigh seo a bhfuil a mbród sa chathair ag cabhrú chun cathair chomh breá a dhéanamh di. Ba mhaith liom ómós a tabhairt chomh maith do thromlach na bpáistí agus na ndaoine fásta nach gcaitheann bruscar uathu ach atá ag iarraidh cathair ghlan mhaisiúil a bheith againn. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt chomh maith don sárobair a dhéanann ár seirbhísí slándála – na Gardaí, an tSeirbhís Dóiteáin, An Chosaint Shibhialta agus ár ndochtúirí agus ár n-altraí.

Ní foláir aitheantas a thabhairt freisin don mhéid a rinne ár n-eagraíochtaí deonacha agus pobail. Murach iad ba bhoichte an tsochaí a bheadh againn i ngach slí.

Táim buíoch d'fhoireann Chomhairle Cathrach Chorcaí as ucht a gcúirtéis agus a ngairmiúlacht i rith na bliana 2004.

Mar fhocal scoir gabhaim buíochas le mo chomhchomhairleoirí ar Chomhairle Cathrach Chorcaí. Is dian an cúram a bhíonn orthu mar lucht déanta polasaí agus molaim a ndúthracht agus a bhfís.

Ní beag an cion a rinne éachtaí 2004 chun ionad Chorcaí mar dara cathair na hÉireann agus dearbhaíonn siad gur cathair bhríomhar nua-aimseartha Eorpach í Corcaigh ina bhfuil cáilíocht bheatha inmhaíte ag na saoránaigh.

Corcaigh Abú !

Seán Ó Mairtín

An Comhairleoir Seán Ó Mairtín

Réamhrá ó Bhainisteoir na Cathrach

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú Tuarascáil Bhliantúil na Bliana 2004. Is iomaí athrú a tháinig ar Rialtas Áitiúil le tamall de bhlianta anuas, sa tslí ina déantar polasaí agus sna struchtúir a sholáthraíonn an polasaí sin. Tá na struchtúir nua neadaithe go rathúil inár n-eagraíocht anois agus tá an Chomhairle Cathrach ag feabhsú an soláthar dá seirbhísí chuig a custaiméirí i gcónaí.

Rinneadh mórán forbartha ar bhonneagar Chorcaí le 12 mí anuas. Le coimisiúnú Planda Cóireála Fuíolluisce Carrigrennan cuireadh bailchríoch ar scéim CMD €300m. Tá athnuachan na réime poiblí ag dul ar aghaidh le fuadar agus le hoscailt Sráid Phádraig athchóirithe baineadh amach cloch-mhíle tábhachtach sa chlár athnuachana. Léiríonn an obair seo ionad Chorcaí mar chathair nua-aimseartha dinimiciúil Eorpach agus cabhraíonn sé chun stádas Chorcaí mar phríomhsprioc siopadóireachta na Mumhan a threisiú.

Trína Phlean Forbartha rinne an Chomhairle éascú ar mhórán leibhéil infheistíochta agus forbartha príobháideach sa chathair. Tá mórchlaochlú á dhéanamh ar an gcathair agus a timpeallacht le forbairtí ag Cé Lavitt, Cé Lapp, Cé Camden agus Machain agus sa bhliain atá romhainn leanfar leis an gclaonadh seo le moltaí iomadúla atá cheana féin ag an gcéim deartha nó pleanála.

Rinneadh dul chun cinn éachtach i 2004 san obair chun an chathair a ullmhú dá bliain mar Phríomhchathair Chultúrtha na hEorpa i 2005.

Tugann an gradam uasal seo aitheantas do shaibhreas cultúrtha Chorcaí agus cuireann sé béim ar a tréithe spéisiúla mar cheann de na spriocanna turasóireachta is tábhachtaí san Eoraip. Táimid ag tnúth leis an deis chun aird idirnáisiúnta a tharraingt ar Chorcaigh le linn 2005.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann na Comhairle Cathrach ag gach leibhéal as ucht a gcuid oibre agus a dtiomantas ar feadh na bliana 2004. Gabhaim buíochas leis an Ardmhéara agus le Baill na Comhairle Cathrach as an gcion a rinne siad chun an chathair a fheabhsú agus ar son tacaíocht agus comhoibriú leanúnach a thabhairt dom.

Tá na dúshláin a luadh thuas á bhfreagairt agus á sárú, lena chinntiú gur féidir le Corcaigh breathnú roimpi go muiníneach mar chathair ina bhfuil timpeallacht fhisiceach den scoth ina bhfuil cuimsitheacht sóisialta, cumas iomaíochta domhanda agus saibhreas cultúrtha.

Seosamh Ó Gabháin

Seosamh Ó Gabháin,
Bainisteoir na Cathrach.

Baill de Chomhairle Cathrach Chorcaí

Toghcheantar Thoir Thaidh


Cllr. Máirín Quill
PD

Cllr. Tim Brosnan
FF

Cllr. John Kelleher
Lab

Cllr. Dara Murphy
FG

Cllr. Annette Spillane
SF

Toghcheantar Lár Thuaidh

Cllr. Mick Barry
SP


Cllr. Catherine Clancy
Lab

Cllr. Gary O' Flynn
FF

Cllr. Damien Wallace
FF

Cllr. Patricia Gosch
FG

Toghcheantar Thiar Thuaidh

Cllr. Jonathan O' Brien
SF

Cllr. David McCarthy
FF

Cllr. Colm Burke
FG


Cllr. Michael O' Connell
Lab


Cllr. Tony Fitzgerald
FF

Baill de Chomhairle Cathrach Chorcaí

Toghcheantar Thoir Theas

Cllr. Deirdre Clune
FG

Cllr. Donal Counihan
FF


Cllr. Chris O' Leary
GP


Cllr. Denis O' Flynn
Lab

Cllr. Terry Shannon
FF


Cllr. Jim Corr
FG

Toghcheantar Lár Theas


Cllr. Con O' Connell
NP

Cllr. Ciarán Lynch
Lab


Cllr. Seán Martin
FF

Cllr. Tom O' Driscoll
FF


Cllr. Denis Creegan
FG

Toghcheantar Thiar Theas

Cllr. Jerry Buttimer
FG

Cllr. Fergal Dennehy
FF

Cllr. Mary Shields
FF


Cllr. Brian Bermingham
FG

Cllr. Michael Ahern
Lab

Foireann Bhainistíochta Chomhairle Cathrach Chorcaí

Príomhoifigigh

Chun tosaigh (C go D):

Jim O'Donovan, Stiúrthóir Seirbhísí, Pleanáil agus Forbairt, **Deborah Hegarty**, Gníomhaire Dlí, **Joe Gavin**, Bainisteoir na Cathrach, **Ruth Buckley**, Ceannaire ar Sheirbhísí Faisnéise, **Joe Kennelly**, Stiúrthóir Seirbhísí, Áinéas, Conláistí agus Cultúr, **John D. Flynn**, Stiúrthóir Seirbhísí, Gnóthaí Corparáideacha.

Ar Chúl (C go D):

G. P. O'Halloran, Oifigeach Pearsanra , **Denis O'Mahony**, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhshaol, **Tim Healy**, Ceannaire Airgeadais, **Stephen Kearney**, Stiúrthóir Seirbhísí, Tithíocht agus Pobal, **Pat Ledwidge**, Stiúrthóir Seirbhísí, Pobal agus Fiontraíocht, **Jack Healy**, Ailtire na Cathrach (feidhmeach), **Dan Buggy**, Bainisteoir Cúnta na Cathrach, Stiúrithóir Forbairt na nDuganna agus Tionscnaimh Speisíalta, **Kerry Terry**, Stiúrthóir Seirbhísí agus Innealtóir Cathrach, Bóithre agus Iompar

Comhairle Cathrach Chorcaí

Tuarascáil Bhliantúil 2004

Stiúrthóireacht Pleanála agus Forbartha

Stiúrthóireacht Pleanála
agus Forbartha

Déanann an Stiúrthóireacht Pleanála agus Forbartha an fhorbairt a chothú agus a stiúradh chun timpeallacht ar ardchaighdeán a chruthú inar féidir le daoine maireachtáil, obair, infheistiú agus a gcuid ama siamsaíochta a chaitheamh. I measc feidhmeanna na Stiúrthóireachta tá polasaithe Pleanála á fhorbairt don Chathair, forbairt ordúil a chothú agus a éascú tríd an bpróiseas Stiúrtha Forbartha agus géilliúlacht a chinntiú trí Fhorfheidhmiú Pleanála.

Ullmhaíodh Plean Forbartha na Cathrach, a dhéanann comhordú idir gníomhaíochtaí na Comhairle Cathrach i réimsí ar nós tithíocht, bóithre agus seirbhísí séarachais agus a stiúrann úsáid na talún i gCathair Chorcaí le haghaidh cuspóirí lonnaíochta, fostaíochta agus eile, mar chuid den Pholasaí Pleanála don tréimhse 2004 go 2009 agus glacadh leis i mí na Nollag 2003. . I measc gníomhaíochtaí eile bhí athnuachan agus forbairt na cathrach trí Phleananna Áitiúla, Treoracha Forbartha, Tionscnaimh Athnuachana Uirbeacha, Caomhnú na timpeallachta tógtha agus Seandálaíocht.

Feidhmíonn an córas Stiúrtha Forbartha trí iachall a chur ar fhorbróirí ionchasacha cead pleanála a fháil ar son forbairtí nua nó athraithe ar fhoirgnimh atá ann cheana. Tá sé mar cheann de na dualgais reachtúla is mó atá ar an gComhairle Cathrach. Tá an eacnamaíocht bhuacach náisiúnta le haithint i gCathair Chorcaí mar a bhfuil líon mór iarratas pleanála, agus nádúr an-chasta ina lán díobh. Tá an Rannóg onnghníomhach maidir le plé réamhphleanála a dhéanamh le hiarrthóirí ionchasacha, ionas gur féidir mórcheisteanna pleanála a mheá agus a phlé, sula gcuirtear iarratas pleanála isteach.

Cinntíonn feidhm Fhorfheidhmithe Pleanála na Stiúrthóireachta go ngéilleann forbróirí leis na ceadanna pleanála a dheonaítear agus nach dtarlaíonn aon fhorbairt neamhúdaraithe.

RANNÓG POLASAÍ PLEANÁLA

Plean Forbartha Chathair Chorcaí

Seoladh Plean Forbartha Chathair Chorcaí i 2004 agus beidh feidhm leis go dtí deireadh 2009. Leagann an Plean amach polasaithe chun Cathair Chorcaí a fhorbairt agus déanann sé iarracht an polasaí a dhíriú ar fheabhsú na cathrach faoi cheannteidil éagsúla, sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha agus comhshaol san áireamh. Tá an plean suite laistigh de chreatlach straitéiseach Phlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí 2001-2020 (CASP). Ullmhófar tuarascáil ar an dul chun cinn atá déanta chun an Plean a chur i bhfeidhm ag deireadh 2005.

Is iad na trí príomh-spriocanna atá ag an bPlean:

- Forbairt inmharthanach Chathair Chorcaí mar Gheata-chathair Náisiúnta a chothú agus foráil a dhéanamh di laistigh den chreatlach atá leagtha amach sa CASP.
- An chuimsitheacht sóisialta a chur chun cinn agus comhionannas rochtana ar fhostaíocht, oideachas, iompar, tithíocht inmharthanach agus ar an mbonneagar sóisialta agus cultúrtha a éascú.
- Soláthar a dhéanamh le haghaidh timpeallachta tógtha agus nádúrtha ar ardchaighdeán agus cáilíocht na beatha a fheabhsú dóibh siúd a chónaíonn agus a oibríonn i gCorcaigh agus dóibh siúd a thugann cuairt ar an gcathair.

Is iad seo na haidhmeanna atá ag príomhpholasaithe an Phlean:

1. Athbheochan fhisiceach, eacnamaíoch agus shóisialta i Lár na Cathrach.
2. Córas iompair comhtháite agus cothromaithe.
3. Polasaithe do Cheantar Duganna Chorcaí a leagann amach an cumas chun ceathrú nua cathrach a chruthú le meascán úsáide agus de scála sách mór chun athbheochan uirbeach a dhéanamh i gCorcaigh agus í a threisiú mar chathair shuntasach Eorpach.
4. Polasaithe chun an tírdhreach a chosaint a dhéanfaidh carachtar eisceachtúil tírdhreacha na cathrach a chaomhnú agus a threisiú.
5. Polasaithe ar son dearadh uirbeach ar ardchaighdeán a dhéanann foráil d'fhoirgnimh

atá ann cheana agus Ceantair de Charachtar ar Leith a chaomhnú, ach a spreagfaidh ailtireacht ar ardchaighdeán, comhaimseartha agus nuálach chomh maith.

Leagann Plean Forbartha Chathair Chorcaí 2004 amach cúrsa chun fás agus athnuachan suntasach fisiceach, fostaíocht agus gníomhaíocht eacnamaíoch ar ardchaighdeán agus cathair ina mbeidh cuimsitheacht sóisialta agus cultúrtha a bhaint amach a thuillfidh aitheantas idirnáisiúnta mar ionad cónaithe, oibre agus infheistíochta den scoth.

- **Forbairt Nua a Chur Chun Cinn**
  Tá cothú agus éascú na forbartha nua sa chathair ina ról lárnach de chuid na Stiúrthóireachta Pleanála agus Forbartha. Le linn 2004 chuir feabhsú na réime poiblí bonn faoi athghiniúint Lár na Cathrach agus Cheantar na nDuganna. Bhí tús maith curtha leis an dtógáil faoi mhí na Nollag ar os cionn 40,000 méadar cearnach de spás oifige a ceadaíodh an bhliain roimhe sin. Bhí forbairtí suntasacha cónaithe agus óstáin á dtógáil freisin i lár na cathrach agus cead pleanála tugtha chomh maith do fhorbairtí móra miondíola, sean-suíomh Guys ar Shráid Mhargadh an Arbhair ach go háirithe.
  Tá gníomhaíocht forbartha ag dul ar aghaidh chomh tréan céanna sna fobhailte. Bhí mórfhorbairtí miondíola agus forbairtí tráchtála eile chomh maith le bheith críochnaithe faoi dheireadh 2004 ag Machain agus An Linn Dubh.
  Maidir le forbairtí cónaitheacha, tá os cionn 1000 árasán á dtógáil i lár na cathrach agus sna ceantair a fhaigheann dreasachtaí airgeadais sa cheantar ainmnithe a shíneann ó Ché Uí Chearúllaigh ó thuaidh isteach i nGleann na Linne Duibhe. Tá forbairtí cónaitheacha ar bun chomh maith i Machan/ An Charraig Dhubh. Go dtí seo tá cead tugtha do timpeall 1500 aonad cóiríochta do mhic léinn, agus tá mórán díobh sin tógtha nó á dtógáil faoi láthair. Tá tógáil ar bun freisin ar leathnaithe móra ag COC, ITC agus Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh.

- **Pleanáil Áitiúil**
  Chuir an fhoireann Phleanála Polasaí tús le próiseas i 2004 chun cur le sonraí pholasaithe an Phlean Fhorbartha do cheantair áirithe sa chathair le sraith de phleananna áitiúla, pleananna gníomhaíochta agus treoracha pleanála. Tugann na pleananna seo spreagadh agus cothú onnghníomhach d'athfhorbairt agus athnuachan na cathrach. Eisíodh Dréachtphlean Gníomhaíochta le haghaidh comhairlithe do Cheantar Shráid Mhargadh an Arbhair le linn 2004. Ullmhaíodh Plean athnuachana do cheantar Sráidbhaile agus Cuan na Carraige Duibhe i 2004 agus tiocfaidh straitéis fhorfheidhmithe ar ball. Cuireadh tús le hullmhú Phlean Ceantair Áitiúil do na Dugaí Thuaidh freisin i rith na bliana. Ullmhaíodh Treoracha Forbartha do shuímh ar nós suíomh Shráid an Uisce agus an stáisiún traenach atá molta don Linn Dubh/ Chill Barra.

- **Plean Gníomhaíochta Cheantair Shráid Mhargadh an Arbhair**
  I bPlean Gníomhaíochta Shráid Mhargadh an Arbhair leagtar fís amach chun ceantar a bhfuil sé de chumas ann a bheith ina cheathrú bláfar uirbeach, a chlaochlú ionas go ndéanfar áit mhealltach de le haghaidh gnó, cónaí, oibre agus cuartaíochta. Samhlaítear sa phlean go mbeidh an ceantar ina fhócas le haghaidh úsáidí nua tráchtála i Lár na Cathrach, agus go leathnófaí príomhcheantar miondíola Lár na Cathrach amach ar shuíomh Guy's agus an chuid theas de Shráid Mhargadh an Arbhair. Molann sé chomh maith an réim phoiblí agus an margadh sráide a fheabhsú. Cuireadh tús leis an obair ullmhúcháin ar chomórtas ailtireachta a reáchtálfar ar son sraith de shuímh ar Ché Kyrl chomh maith i 2004.

- **Plean Forbartha Áitiúil na nDuganna Thuaidh**
  Tá Ceantar na nDuganna Thuaidh lonnaithe go straitéiseach i bhfoisceacht siúl na gcos do chroílár na cathrach. Is ceantar é atá ainmnithe i bPlean Forbartha na Cathrach agus i Straitéis Forbartha Cheantar na nDuganna araon mar áit ina bhfuil cumas suntasach forbartha atá fíorthábhachtach don Chathair mar go n-

osclóidh an athfhorbairt amach straitéis níos leithne do Cheantar na nDuganna go ginearálta.

Is é cuspóir an Phlean Ceantair Áitiúil ná saincheisteanna riachtanacha maidir le deiseanna forbartha, úsáidí talún, iompar agus dearadh uirbeach a aithint, chun treoir níos mionsonraithe a sholáthar don Chomhairle Cathrach, d'úinéirí talún, do lucht forbartha agus do pháirtithe leasmhara eile.

- **Seandálaíocht**
  I rith 2004 thángthas ar fhionnachtain shuntasach sa Phríomhshráid Theas a d'eascair as tochailt a rinneadh maidir le dhá mhórfhorbairt phleanáilte. Beidh beagnach 5000 mc de chroílár stairiúil Chathair Chorcaí faoi staidéar tionchair mar gheall ar an dá fhorbairt chónaithe agus óstáin seo atá molta. Bhí siad seo ar an dá thochailt ba mhó agus ba luachmhara a rinneadh riamh i gCathair Chorcaí. Tá na sraodbhallaí cois abhann agus na tithe as aois na Lochlannach (deireadh an 11ú agus an 12ú hAois) i measc na bhfionnachtana is tábhachtaí. Tá na tochailtí ar sceideal le tosú arís ag deireadh 2005. Idir an dá linn tá tochailtí ar bun ar ábhar ón 16ú agus an 17ú ag an taobh thoir de Shráid Mhargadh an Arbhair sula dtosaíonn an tógáil.

Tionólfar comhdháil bhliantúil Chumann Seandálaithe na hEorpa (EAA) i gCorcaigh i mí Meán Fhómhair 2005. Tá Comhairle Cathrach Chorcaí ag eagrú na hócáide, ina mbeidh os cionn 600 seandálaí as 30 tír ag freastal ar chomhdháil 5 lá.

- **Caomhnú**
  Tá trí Cheantar de Charachtar ar Leith sainithe sa chathair, .i. An Phríomhshráid Thuaidh, Bóthar Wellington/N. Lúcás agus Cnoc Mhig Reachtain. Is é cuspóir an tsainithe seo ná carachtar na gceantar seo a chosaint, forbairt chuí a éascú agus gníomhartha na bhforbróirí príobháideacha, na n-údarás áitiúla agus na gcomhlachtaí stáit a chomhtháthú. Tá bileoga eolais ullmhaithe don dá cheantar mar chabhair d'úinéirí maoine agus don phobal i gcoitinne chun impleachtaí an tsainithe a thuiscint.

Tá Scéim Dheontais Chaomhnaithe ann mar chabhair d'iarrachtaí na n-úinéirí maoine agus iad i mbun oibreacha athchóirithe/athnuachana ar thithe stairiúla. Íocadh níos mó ná €130,000 i ndeontais i 2004 maidir le timpeall 19 dteach. Cé nach bhfuil sna deontais aonair ach rannaíocht pháirteach ar chostas foriomlán tionscadal caomhnaithe dá leithéid, i bhformhór na gcásanna bhí an deontas ina spreagadh d'úinéirí maoine agus thug sé aitheantas dá n-iarrachtaí chun foirgnimh a chaomhnú.

I measc na dtionscadal caomhnaithe móra sa chathair i 2004 bhí:

- Athchóiriú Tithe Déirce Scidí ag an gComhlacht Forbartha Tithíochta Sóisialta a tosaíodh i 2004 chomh maith le hathúsáid Oibreacha Uisce Bhóthar na Laoi mar Champas Inmharthanach Cathrach.
- Oscailt na Dánlainne Glucksman – sampla den slí inar féidir mórstruchtúr nua-aimseartha a thógáil i suíomh stairiúil ar shlí a chuireann go dearfach leis an suíomh.
- Tógáil an Óstáin Clarion ag Cé Lapp, agus atógáil ballaí aolchloiche na céibhe, ag úsáid an bhunobair chloiche mar aghaidh ar na gnéithe faoi thalamh.
- Athchóiriú agus deisiú túr Séipéal N. Anna sa tSeandún
- Oibreacha caomhnaithe ar an Mainistir Rua, i gcomhar le ceantar nua taitneamhachta a chruthú.

RANNÓG STIÚRTHA FORBARTHA

Tá an fás leanúnach in eacnamaíocht Chorcaí, a bhfuil an-fháilte againn roimhe, le feiceáil sna forbairtí tábhachtacha seo leanas, a phróiseáil an Rannóg Stiúrtha Forbartha, a tosaíodh nó a cuireadh i gcrích i 2004:

(a) Scéimeanna Cónaitheacha

- 800 árasán i suímh éagsúla sa chathair istigh, Cé Sheoirse, Cé Lavitt, Cé Uí Chearúllaigh, Cé Lancaster, Sráid Liatroma agus Sráid Copley san áireamh.
- 550 teach (athchóiriú an Chlochair san áireamh) ag Clochar na nUrsalach, An

Charraig Dhubh.
- 300 árasán ag Ospidéal na Maighdine.
- 120 teach mar a raibh Galfchúrsa Thobar an Airgid, Tivoli, tráth.
- Athchóiriú Fhoirgneamh an Mhuilinn, Cé an Athar Maitiú, mar árasáin.
- Bóthar Chúrsa an Uisce - 120 árasán.
- 300 teach/árasán, Rivers Edge, Machain.
- Scéimeanna tithíochta sóisialta agus inacmhainne ag Mount Rivers, Siúlán an Rópadóra agus Bóthar an Bhóithrín Mheánaigh.

(b) Árasáin do Mhic Léinn
- 1200 spásanna leapa nua do mhic léinn ag Crosaire Victoria, Bóthar Chorraichaín, The Tennis Village, Bóthar na Modh-Fheirme agus Bóthar an Ghleann Maghair Íochtarach.

(c) Scéimeanna Tráchtála
- Trádstórais miondíola, pictiúrlann, oifigí agus óstán ag Polefield, An Linn Dubh.
- Ionad siopadóireachta réigiúnach agus trádstórais miondíola i Machain.
- Ollmhargadh Tesco ag Wilton.
- Oifigí / miondíoladh don O'Callaghan Group ag Cé Lavitt.
- Óstán / oifigí ag Cé Lapp le Howard Holdings.
- Oifigí le O'Flynn Construction ag Cé Lapp.
- Oibreacha Gréasáin Nua Réigiúnacha ag Cé Albert.
- Óstán nua Jury's ag Cé Lancaster (180 leaba) agus 230 árasán.
- Óstán nua Kingsley, Bóthar Charraig Ruacháin.
- Bainc AIB i Sráid Phádraig agus Bóthar Chúrsa an Uisce.
- Coimpléasc Siamsaíochta, Seanbhóthar Mhala.

(d) Forbairtí Institiúideacha
- Leathnú ar Halla na Cathrach.
- Halla Contae nua.
- Forbairtí móra i COC, lena n-áirítear
  - » Dánlann Ealaíne Glucksman;
  - » An Scoil Chógaisíochta;
  - » Leabharlann Nua;
  - » Cearnóg Nua Honan agus
  - » Scoileanna Leighis, Cógaisíochta agus Altranais ag Teach Ghort an tSrutháin, Bóthar an Choláiste.
- Campas Nua CGO N. Eoin san Ardán Theas.
- An Scoil Cheoil, Cé na hAontachta.
- Mórleathnú na saoráidí acadúla agus siamsaíochta ag IT Chorcaí, Baile an Easpaig.
- Busáras nua ag Plás Pharnell.
- Foirgnimh nua thábhachtacha in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh, Wilton, Ospidéal nua Máithreachais agus foirgneamh Scagdhealú Duánach san áireamh.
- An Campas Cathrach inmharthanach ag Bóthar na Laoi.

(e) I measc forbairtí suntasacha eile a ceadaíodh i 2004 tá:
- mórfhorbairt mhiondíola ag suíomh Guy's, Sráid Mhargadh an Arbhair;
- scéim 150 árasán ag Sráid an Uisce i gCeantar na nDuganna;
- scéim Teicneolaíocht Ghnó ag Bóthar na Lárpháirce agus
- óstán nua ag Faiche na Croise.

(f) I measc na suíomh ina ndíreofar ar cheadanna do fhorbairtí tábhachtacha i 2005 beidh siad seo leanas:
- Scéim chónaitheach/tráchtála de 50,000m agus túr 18 n-urlár i Sráid Eglinton.
- 2 suíomh miondíola comparáide i Sr. Phádraig do 25,000m de mhiondíol comparáide.
- Athfhorbairt Cheantar Chuan na Carraige Duibhe.
- Athfhorbairt tráchtála shuíomh Kenny ag Cé N. Phádraig.
- Suímh deise éagsúla i gCeantar na nDuganna i gCorcaigh, Stáisiún Cheannt, Cé Uí Argáin agus na Dugaí Theas san áireamh.
- Athfhorbairt an Capitol Cineplex, Sráid an Chapaill Bhuí mar shiopa ilranna.

RANNÓG FORFHEIMITHE PLEANÁLA

Is mian le Comhairle Cathrach Chorcaí, faoi réir ag na riachtanais reachtúla a leagtar amach sna hAchtanna Pleanála agus Forbartha 2000 – 2002, géilliúlacht leis na rialaithe pleanála a chinntiú agus forbairtí neamhúdaraithe a chosc. Cé go ndéantar gach iarracht géilliúlacht leis an gcód pleanála a chinntiú trí chomhaontú, déantar gníomhaíochtaí

forfheidhmithe nuair is gá. Tá foirm chaighdeánach gearáin ar fáil ar shuíomh idirlín na Comhairle **www.corkcity.ie**

I mBealtaine 2002 suiteáladh Córas TF Forfheidhmithe Pleanála nua ag Bord Sheirbhísí Ríomhaire an Rialtais Áitiúil, i gcomhar le Roinn TF na Comhairle agus táthar á úsáid chun Próiseas Forfheidhmithe Pleanála na Comhairle Cathrach a riaradh.

Déanann an rannóg seo riarachán ar an ngníomhaíocht maidir le neamhghéilleadh le coinníollacha pleanála, ranníocaíochta forbairt phleanála, agus bannaí i leith eastáit tithíochta chomh maith.

Príomhtháscairí Feidhmíochta Reachtúla 2004

Táscairí Feidhmíochta

Tuarascáil Achomair

Forfheidhmiú Pleanála

An líon iomlán cásanna a ndearnadh gearáin (scríofa) fúthu a fhiosraítear	**292**
Líon iomlán na gcásanna dífe	**0**
Líon na ngnáthamh forfheidhmithe a rinneadh i bhfoirm litreacha rabhaidh	**193**
Líon na ngnáthamh forfheidhmithe a rinneadh i bhfoirm fógraí forfheidhmithe	**9**
Líon iomlán na n-urghairí a iarradh (0) líon na n-ionchúiseamh (0)	**1**

Ceann de phríomhchuspóirí Rannóg Forfheidhmithe na Stiúrthóireachta Pleanála agus Forbartha ná géilliúlacht leis an gcód pleanála a dheimhniú. D'fhéadfadh gnóthaíocht le freagróirí ar bhonn gearán scríofa a fhaightear a bheith i gceist sa chur chuige seo. Nuair is féidir moltar do fhreagróirí iarratas foirmiúil a dhéanamh chun an fhorbairt a choinneáil. Tarlaíonn sé seo tar éis don Rannóg Fhorfheidhmithe agus don Phleanálaí Ceantair cuí an cheist a phlé. Cabhraíonn an cur chuige seo le gearánaithe chun aighneachtaí scríofa a dhéanamh chuig an Údarás Pleanála nó i gcásanna áirithe chuig An mBord Pleanála.

Nuair a thugtar cead agus nuair a dhéantar an fhorbairt de réir an chead, dúntar an comhad forfheidhmithe. Beidh sonraí faoi líon na gcásanna seo á dtaifead ó Eanáir 2005.

Má dhiúltaítear cead leantar ar aghaidh leis an ngníomh forfheidhmithe. Déanfar sonraí chásanna mar seo a thaifead freisin ó Eanáir 2005 i leith.

I measc táscairí forfheidhmithe tábhachtacha eile i 2004 bhí:

- Líon na gcásanna dúnta / réitithe 280
  (tá cásanna do 2004 agus blianta roimhe san áireamh)
- Líon na Litreacha Rabhaidh a eisíodh 485
- Líon na bhfógraí Alt 8 eisithe 262
  (Fógra chun teideal a chruthú)

Ranníocaíochtaí Airgeadais Forbartha

Faoi réir fhorálacha Ailt 48/49 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000, ghlac Comhairle Cathrach Chorcaí le Scéim Ranníocaíochtaí Ginearálta Forbartha ar an 12 Eanáir 2004. Leagann an dá scéim amach scála do ranníocaíochtaí forbartha, a bhfuil feidhm acu do gach cead pleanála ábhartha a dhearbhaíonn Comhairle Cathrach Chorcaí ón 13 Eanáir 2004. Tá sonraí an dá scéime, a thugtar suas chun dáta go míosúil de réir an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí, ar fáil ar shuíomh idirlín na Comhairle **www.corkcity.ie**

Déanann Alt 48 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 foráil ar son Ranníocaíocht Speisialta a íoc maidir le forbairt ar leith má thiteann costais eisceachtúla sonracha ar Chomhairle Cathrach Chorcaí maidir leis an mbonneagar poiblí agus le saoráidí a théann chun sochair don fhorbairt atá molta.

Baineann an Scéim Ghinearálta le haicmí de sheirbhísí/saoráidí a chur ar fáil ar fud na cathrach, déanann an Scéim Fhorlíonach foráil chun táillí a ghearradh maidir le tionscadal Iarnróid Fhobhailteach Chorcaí, ar fhorbairtí laistigh de cheantair shonracha i gCathair Chorcaí. Beidh an dá scéim i bhfeidhm ar feadh tréimhse an Phlean Forbartha Cathrach reatha 2004-2009.

Feidhmiú na Straitéise Tithíochta (Cuid V – Acht Pleanála agus Forbartha 2000-2002):

De bhun an Achta Pleanála agus Forbartha 2000 mar a leasaíodh é ag an Acht Pleanála agus Forbartha (leasú) 2002, ní foláir d'iarrthóir ar chead pleanála chun áitribh a fhorbairt (4 aonad nó níos mó ná 0.1 heicteár talún) ar thalamh atá faoi réir ag riachtanas criosaithe chun talamh a fhorchoimeád do thithíocht shóisialta agus inacmhainne, sonraí a thabhairt faoin gcaoi a bhfuiltear chun cloí le coinníoll pleanála, a ghlac Comhairle Cathrach Chorcaí ar an 8 Deireadh Fómhair 2001, chun cuspóirí sóisialta/inacmhainne na Straitéise Tithíochta a fheidhmiú.

Ar mhaithe le feidhmiú éifeachtúil na feidhme seo a éascú, d'ullmhaigh Comhairle Chathrach Chorcaí **Treoir d'Fhorbróirí ar Fheidhmiú na Straitéise Tithíochta.** Tá an Treoir ar fáil ar shuíomh idirlín Chomhairle Cathrach Chorcaí **www.corkcity.ie**

Suímh Thréigthe

Faoi réir chuspóirí Phlean Corparáideach Chomhairle Cathrach Chorcaí, tá an Stiúrthóireacht Pleanála agus Forbartha ag spreagadh forbairt shuímh tréigthe go honnghníomhach trí úsáid a bhaint as na hAchtanna um Láithreáin Thréigthe agus as an bpróiseas Pleanála agus Forbartha. Tagann Grúpa Oibre den Fhoireann Phleanála agus Tithíochta le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar shaincheisteanna. Ullmhaítear Mionteagaisc Fhorbartha chun cumas/srianta na suíomh atá i gceist a aithint, agus cuirtear cuid díobh ar an margadh oscailte nó déanann an Chomhairle Cathrach féin iad a fhorbairt.

Ceadúnais d'Imeachtaí Faoin Aer

Faoi Chuid XVI den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 agus Cuid XVI de na Rialacháin Pleanála agus Forbartha, tá ceadúnas riachtanach chun imeachtaí 'faoin aer' ar mhórscála a eagrú.
I 2004 fuair Comhairle Cathrach Chorcaí iarratas amháin maidir le Féile Lá Fhéile Pádraig, a bhí ann ar an 17ú Márta 2004. Le hainmniú Chorcaí mar Phríomhchathair Cultúrtha na hEorpa i 2005, táthar ag glacadh leis go mbeidh níos mó gníomhaíochta sa réimse seo le linn 2005.

Rialú Aonach Spraoi (Trealamh Chlóis Aonaigh)

Ón 1 Márta 2004 caithfidh aon duine a theastaíonn uaidh/uaithi aonach spraoi a eagrú fógra dhá (2) lá oibre a thabhairt i scríbhinn dírithe chuig oifigeach sainithe i gComhairle Cathrach Chorcaí (Neil Fitzpatrick faoi láthair, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsir, Pleanáil agus Forbairt, Navigation House, Cé Albert, Corcaigh). Ní foláir cóip den Teastas Sábháilteachta bailí don trealamh chlóis aonaigh a úsáidfear ag an aonach spraoi a chur isteach leis an bhfógra mar aon le sonraí faoi ainm(neacha) an lucht eagraithe, úinéir(í) an trealamh talamh aonaigh agus an t-ionad agus na dátaí ar a dtionólfar an t-aonach spraoi. Fuarthas dhá fhógra dá leithéid i 2004

Ceadúnais do Chomharthaí Méara

Iarratais do cheadúnais chun struchtúir a láithriú ar/os cionn bóithre poiblí — Alt 254
Tá ceadúnas faoi Alt 254 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 riachtanach chun fearais, gléasra, struchtúir a láithriú ar/faoi/os cionn bóithre poiblí. Próiseálann an Stiúrthóireacht Forbartha agus Pleanála iarratais do chomharthaí méara, agus próiseálann an Stiúrthóireacht Bóithre sórtanna eile troscáin sráide ar nós fógraíocht, bothanna gutháin, innill díolacháin 7rl.

Forbraíodh bunachar sonraí mar áis chun riarachán níos éifeachtaí a dhéanamh ar cheadúnais chomharthaí méara i 2004.

Bhí 20 iarratas ar chomharthaí méara i 2004, ina gceadaíodh 10 agus diúltaíodh 10. Ceadaíodh dhá iarratas do scáthláin bhus chomh maith i 2004.

Tuarascáil Bhliantúil 2004

Comhairle Cathrach Chorcaí

Forbairt na nDuganna

Forbairt na nDuganna

Oifig Fhorbartha Cheantar na nDuganna

Le tógáil críochnaithe anois ar athnuachan Cé Lapp – tionscnamh de €100 milliún – d'fhéadfaí a rá go bhfuil feidhmiú Straitéis Cheantar Dhugaí Chorcaí, a thabharfaidh ceantar cathrach nua don chathair, tosaithe i ndáiríre.

Críochnaíodh Straitéis Cheantar na nDuganna i 2002 agus tugadh isteach le Plean Forbartha na Cathrach é. Plean samhalta is ea é a chumfaidh cruth na cathrach sa todhchaí, ag cur áiseanna nua oideachais, cónaithe agus trádála le taobh thoir na cathrach i meascán anamúil fileata. Bhí ráiteas misin na nDuganna leagtha amach ag an gComhairle Cathrach mar seo leanas:

"Oibriú go gníomhach chun forbairt Cheantar na nDuganna a spreagadh agus éascú, go ceantar uirbeach ar ardchaighdeán in úsáid ilchineálach, inar féidir le daoine, eolas agus nuálaíocht a bheith faoi bhláth, leis na Dugaí ag oibriú mar phríomh thiomáint, ag tacú le ardmhian Chorcaí mar chathair chairdiúil, dóchasach agus iomaíoch ag dul isteach sa 21ú aois".

Ag Cé Lapp anois, tá fianaise inbhraite don straitéis le feiceáil ag obair. Tá an chéad phríomheilimint de Thionscadal Cheantar na nDuganna críochnaithe, óstán 200–seomra leapa, óstán 80,000 troigh cearnach, timpeall 20,000 troigh cearnach de spás trádála agus lár-ionad comhdhála, iad go léir laistigh de dhá fhoirgneamh ceangailte sé stór. Tá próifíl chorparáideach na cathrach ardaithe ag an bhforbairt seo agus bhí freagracht an-dearfach maidir leis an bhforbairt ó mhuintir Chorcaí agus ón Earnáil Tráchtála, ag spreagadh éileamh san earnáil. Tá sé seo le feiceáil ón Tionscadal Oibreacha Gréasáin ag Cé Albert agus tá iarratas pleanála ar iar-shuíomh de chuid An Post do scéim mhór le húsáid measctha idir chónaitheach agus thrádála faighte agus ag dul tríd an gcóras.
Ceann de na príomhchuspóirí de Phlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí (CASP.), 'Sé an tionscadal is aidhmeannaí a ceapadh riamh do Chorcaigh plean athchóirithe Cheantar na nDuganna. Faoina choimirce, athróidh meascán d'úsáidí éagsúla le dearadh comhaimseartha ar ardchaighdeán Cheantar na Dugaí isteach i gceantar cois uisce ar féidir le muintir Chorcaí a bheith bródúil as. Tá sé seo formhuinithe ag an Straitéis Spásúil Náisiúnta (SSN) mar a bhfuil Corcaigh ainmnithe mar an "Geata" chun an fás eacnamaíoch agus rathúnais na cathrach agus an réigiúin a "neartú" agus tá athfhorbairt Cheantar na nDuganna ina phríomhsprioc don "neartú " seo.

Le críochnú Lár Chóras Séarachta Chorcaí i 2004, tá Abhainn an Laoi anois curtha ar ais in ard-thréith agus tabharfaidh sé an abhainn ar ais do na daoine mar áis ina mbeidh caitheamh aimsire bunaithe ar uisce féideartha arís. Le teacht ar áis caitheamh aimsire bunaithe ar uisce beidh tógáil timpeall 6,000 teach nua le timpeall sé mhilliún troigh cearnach de spás neamhchónaitheach d'oifigí agus institiúidí oideachais, siopaí, chomh maith le gníomhaíochtaí cultúrtha agus folaíochta ar an Duga Thuaidh agus ar an Duga Theas. Déanfaidh páirceanna agus bealaí siúlóide tírdhreacha, chomh maith le feistiú do bháid phléisiúir agus muiríne nua áit tarraingteach den cheantar cathrach thar an 25 bliain atá le teacht faoi mar a théann an tionscadal ar aghaidh céim ar chéim.

Tá sé ceaptha Ceantar athnuachana na nDuganna a bheith ina chuid chomhtháite riachtanach den chathair stairiúil, ag tabhairt dinimiceas nua chuige, agus go

Rinne Forbairt Cé Uí Argáin dul chun cinn i rith na bliana agus fógra de chomhfhiontar idir C.I.E. agus forbróir príobháideach le teacht amach go luath. Is é atá san fhorbairt mhór seo ná athfhorbairt ar Stáisiún Ceannt, á bhogadh níos giorra do Lár na Cathrach tríd a aghaidh a thabhairt ar an abhainn. Beidh forbairt trádála ilchineálach timpeall an Stáisiúin agus moladh d'Ionad Comhdhála/ Imeachtaí mór ar an suíomh. Tá 1,200 aonad cónaithe molta ar chiumhais na habhann. San áireamh chomh maith beidh páirc lárnach agus áiseanna poiblí cois abhann le háiseanna bádóireachta agus caitheamh aimsire ag déanamh na háite ar an áit is tarraingtí i Mórcheantar Chorcaí. Tá dul chun cinn déanta ag Sráid an Uisce in aice leis chomh maith, agus tá iarratas pleanála ag teacht go gairid do scéim chónaitheach mhór le foirgneamh aitheantais. Beidh na forbairtí thuas i gCeantar na nDuganna Thuaidh éascaithe agus faoi smacht ag Plean Ceantar Áitiúil na nDuganna Thuaidh atá le foilsiú i 2005 agus tabharfaidh sé cinntiú agus mionsonraí do Phlean

dtabharfadh sé deis infheistíochta uathúil i gcur chuige comhpháirteach poiblí/ príobháideach. Ar an taobh poiblí amháin, caithfear meastachán de €450 milliún ar bhonneagar, ag oscailt na slí d'infheistíocht de suas le €3.0 billiún i rith saol an phlean. Mar áis don easnamh suntasach atá sa gheilleagar, tá roinnt taighde déanta agus críochnaithe i mbliana sna limistéir d'uisce agus dhraenáil uisce dromchla chomh maith le saincheisteanna rochtana agus staidéar féideartha don droichead nua ar Sráid an Uisce atá ag dul chun cinn agus tá súil é a bheith críochnaithe an bhliain seo chugainn.

Is é ról na Comhairle Cathrach, mar ailtirí na straitéise uathúil seo, ná éascú a dhéanamh ar gach céim den fhorbairt, á dhéanamh mar cheann de na scéimeanna príobháideacha is tarraingtí sa Stát.

Forbartha na Cathrach sa cheantar seo.

Déanfaidh an stáisiún iarnróid nua éascú agus comhtháthú leis an méadú molta ar sheirbhísí agus ar uasghrádú an líne iarnróid idir Mala agus Corcaigh agus soir go Mainistir na Corann. Sprioc mór iompair poiblí de chuid C.A.S.P. é seo agus bhí an tionscadal molta ag an Rialtas agus fógartha ag an Aire Micheál Martin i rith na bliana. Cuirfidh an stáisiún naisc iarnróid nua leis na stáisiúin nua molta ag Cill Barra, Móin Ard/Rath Phéacáin, ag freastal ar chiumhais na cathrach, mar a bhfuil lonnaíocht nua le bunú, a thabharfaidh tithíocht agus rathúnas don chuid seo de Chorcaigh.

Beidh an stáisiún bus a tosaíodh i 2004, ina phointe fócais tiomnaithe le Straitéis Iompair Lár na Cathrach le trí mhórbhealach nua. San áireamh sna bealaí beidh Machain go dtí Lár na Cathrach, Halla na Cathrach go dtí Stáisiún Cheannt agus na Dugaí Thuaidh/Theas, ag úsáid lúb a bheidh curtha ar fáil ag an droichead nua ar Shráid an Uisce, agus Halla na Cathrach/Stáisiún Cheannt go dtí Ollscoil Chorcaí agus I.T.C. trí Shráid Mhic Curtáin. Sráid Phádraig agus An Bóthar Iartharach. Beidh béim ard ar chóras iompair seasmhach poiblí sa Cheantar Uirbeach nua-chruthaithe chun ceangal gan uaim a chinntiú idir na háiseanna nua agus Lár na Cathrach.

Le dul chun cinn suntasach déanta sa Dugaí Thuaidh agus le leathnú na cathrach i dtreo an oirthir, díreofar aird anois ar na nDuganna Theas agus tá plean áitiúil don áit seo ag dul chun cinn atáthar ag súil a fhoilsiú i ndeireadh 2005. Dúshlán níos mó is ea athfhorbairt na nDuganna Theas le níos mó gabháltais talún, úsáid neamh-chomhlíonadh talún cois Cé agus bainteach le geallsealbhóirí eile ar nós Calafort Chorcaí, IDA, Enterprise Ireland chomh maith le forbróirí.

Tá sé tábhachtach anois an cothromas ceart d'éagsúlacht úsáide a bhaint amach, le tionscail ard teicneolaíocht faisnéise a bheith mar pháirt den úsáid talún. Chun dul chun cinn a dhéanamh ag tabhairt na forbartha go dtí an margadh, beidh gá na leasa éagsúla seo a chomhtháthú i modh a chuirfidh méadú le luas na forbartha chun na spriocanna atá leagtha amach i C.A.S.P ar féidir le hOifig Forbartha na nDuganna a bhaint amach



Tuarascáil Bhliantúil 2004

Comhairle Cathrach Chorcaí



Stiúrthóireacht Áineas, Conláistí, agus Cultúr

Stiúrthóireacht Áineas, Conláistí, agus Cultúr

Oibreacha Forbartha Páirceanna

Leag Plean Corparáideach na Comhairle Cathrach amach Straitéis Pháirceanna, páirceanna imeartha, siúlóidí conláiste agus Oibreacha Maisithe Tírdhreacha chun áiseanna riachtanacha a chur ar fáil do siamsaíocht gníomhach agus neamhghníomhach agus chun maisiú a dhéanamh ar chuma na Cathrach.

Tá dul chun cinn suntasach déanta le páirceanna áitiúla a chur ar fáil agus a fhorbairt. Is iad seo Páirc na mBuaircíní, Baile Féitheáin, Páirc na Claise Duibhe An Tóchar, Páirc Gerry O'Sullivan, Páirc Chnoc na Cille, Páirc Mhílic, Baile Uí Mhaoláin agus Páirc Shalom. Forbraíodh na páirceanna seo i gcomhairle le hionadaithe áitiúla, cónaitheoirí, cumainn agus comhpháirtithe áitiúla. Tá na páirceanna seo luachmhar do na daoine áitiúla go mór mhór na leanaí, daoine scortha agus daoine aosta.

Thosaigh obair i 2004 ar dhá pháirc áitiúil a chur ar fáil, ceann ar Bhóthar Loch Mhachan, Machan agus ceann eile ag Plásóg Ghleann na Muaidhe, Baile na mbocht. Beidh páirceanna imeartha sa dá pháirc.

Déanfar maisiú tírdhreach, cur crainn fásta nó crainn leath-fhásta san áireamh sna spásanna oscailte agus ciumhaiseanna bóthair. Cuirfear leapa agus dromlach bláthanna in áiteanna tábhachtacha ar fud na cathrach agus cuirfear bleibeanna nádúrtha.

Iarsmalann Poiblí Chorcaí

Cuireadh tús leis an leathnú nua-aimseartha de Iarsmalann na Cathrach i bPáirc an Ghearaltaigh, iarsmalann nua-aimseartha a thosaigh i 2003 agus críochnaíodh é i 2004. I measc na n-ábhar ar taispeáint don chéad uair riamh bhí bailiúchán eitneagrafaíochta de dhéantúis dhúchasacha ó áiteanna chomh éagsúil leis an Astráil, An Afraic, Guinea Nua agus Oileáin Deiscirt na hAigéine Ciúin. Bhí taispeántas ar leith tiomanta do Thaispeántas Idirnáisiúnta Chorcaí, agus spóirt Chorcaí, geansaí Manchester United de chuid Roy Keane a chaith sé ag imirt sa chorann UEFA agus singleád de chuid Sonia O'Sullivan ar taispeáint chomh maith. Bhí culaithe sean-ré leas Ríochta ar taispeáint, Gúna pósta ón 19ú aois, Culaith Huguenot chomh maith le Clócaí le Caidhp ó Iarthar Chorcaí.

Oifig Ealaíon Chorcaí 2004

Ag teacht isteach go dtí 2005 thosaigh an Oifig Ealaíon ar chomhairliú i gcóir Plean Ealaíon 5 bliana do Chomhairle Cathrach Chorcaí le roinnt comhairliú leis an Earnáil Ealaíon. Foilseofar an Plean i 2005. D'oscail Teach na Féile, le tacú ó Chomhairle Cathrach Chorcaí, ag uimhir 15 Sráid an Chapaill Buí i 2004. San áireamh leis an oifig, tá deasc eolais agus spás oifige ar an gcéad urlár, a lonnaíonn an Féile Lár Samhraigh, Féile Naomh Pádraig Chorcaí, Féile Idirnáisiúnta Claisceadal Chorcaí agus an Féile Tíre. Tá an oifig díolta ticéad in úsáid chomh maith ag féilte éagsúla eile i rith na bliana.
Ar an gcéad lá de Bhealtaine cheiliúr Corcaigh leathnú an Aontais Eorpaigh agus cuireadh fáilte roimh an Slóvaic go dtí Clann na hEorpa. Bhí ceolchoirm agus margadh bia i Sráid Phádraig, le himeachtaí eile do leanaí agus do dhaoine óga i bPlás Emmet chomh maith le himeachtaí bainteach in áiteanna éagsúla eile. Bhain breis agus 80,000 duine sásamh as an lá i gcomhluadar Cheannaire na Slóvaice.
Fuair an Triskel Arts Centre agus an Everyman Palace Theatre deontas díreach de €160,000 i gcóir athchóiriú a n-áitreabh do cheiliúradh Chorcaí de Chorcaigh 2005, Phríomhchathair Chultúrtha na hEorpa. Críochnaíodh an obair seo ar fad i 2004.

Leabharlanna

D'oscail an t-sean fhoirgneamh de Leabharlann na mBuaircíní, luath sa 1970aí, agus scriosadh é i mí Feabhra 2004 chun leabharlann nua a thógáil ar an suíomh. I bhFómhar na bliana tugadh cead pleanála do leabharlann nua i mBaile an Easpaig.

I mí Meán Fómhair d'iarr an chomhairle ar aighneachtaí poiblí maidir le todhchaí na seirbhíse leabharlainne. Fuaireadar breis agus 200 aighneacht agus d'úsáid an fhoireann iad seo chun plean straitéiseach chúig bliana a ullmhú a bhí beagnach críochnaithe faoi dheireadh na bliana. Thosaigh tionscnamh nua, le himpleachtaí fadtéarmacha i 2004: is é sin, léarscáil agus pictiúir agus téacs a chur i bhfoirm digiteach do shuíomh idirlín na leabharlainne.

Tiomnaigh an Comhairleoir Séan Martin, Ardmhéara, an Leabharlann Ceoil in ainm Rory Gallagher, i láthair máthair Rory, Monica agus a dheartháir Dónal, agus timpeall 200 lucht leanúna ó áiteanna ar fud an domhain. Sheol an Leas-Mhéara, an Comhairleoir Mary Shields, clár Leabharlainne Chathair Chorcaí i 2005 i Mí na Nollag.

Tuarascáil Bhliantúil 2004

Comhairle Cathrach Chorcaí

Stiúrthóireacht Bóithre agus lompar

Stiúrthóireacht Bóithre agus lompar

San áireamh le suntais na bliana bhí obair leanúnach tógála ar an Scéim Athchóirithe €11 milliún ar Shráid Naomh Pádraig atá tar éis beatha nua a chur sa tsráid, ó Dhroichead Naomh Pádraig go dtí Cearnóg Daunt.

Tá an obair ag dul chun cinn de réir sceideal agus tá sé le bheith críochnaithe i mí lúil 2005, in am do cheiliúrtha Phríomhchathair Chultúrtha 2005.

Lean an obair chomh maith ar an Scéim Athnuachana €1.7 milliún Sráid an tSeandún, a thabharfaidh ardú riachtanach don cheantar stairiúil seo den chathair. Lean an obair chomh maith ar an Scéim Athnuachana Cathrach sa Linn Dubh €3.5 milliún ar Bhóthar Chúrsa an Uisce/ Sráid Thómais Daibhéad.

Críochnaíodh insealbhú Líonra Leathanbhanda Cheantar Ceannchathartha Chorcaí i 2004. Maoinithe ag an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Comhairle Cathrach Chorcaí agus an AE, tá an gréasán nua 60km fíor-thábhachtach don bhonneagar atá an chathair ag forbairt chun an t-ábhar fáis atá Corcaigh ag súil a bhaint amach mar theideal "gheata" faoin Straitéis Spásúil Náisiúnta. Tabharfaidh an líonra a lán cabhrach chun áiseanna cumarsáide mear do thrádáil, tionsclaíocht agus oifigí poiblí a chur ar fáil.

Thosaigh obair i 2004 ar athchóiriú Sráid Oilibhéar Pluincéid. Athróidh an tionscadal €5 milliún seo an tsráid isteach in áit siopadóireachta den chéad scoth do lár na cathrach. Tá an obair seo le bheith críochnaithe chomh maith roimh lár 2005.

I rith 2004 chomh maith, bhí clár leanúnach ann de dhromchla bóithre a athchur ar 64 bealach tráchta agus 34 bóthar eastát, agus rinneadh athchur ar chosáin ar 60 bóthar eile.

Mar chuid de Phlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí (CASP), lean feidhmiú an 10 Bealach Glas nua, leis an gcéad dá bhealach nua ó lár na cathrach go dtí An Curraichín agus Corrach Mhic Chonmhaigh oscailte déanach i 2004.

Críochnaíodh an obair ar an 920 spás Park & Ride a cuireadh ar fáil ag an Black Ash agus d'oscail an tAire Iompair críochfort nua do phaisinéirí i Mí na Nollag.

Leathnaíodh amach ceantair smachta diosca páirceála agus tugadh sé seo tugadh isteach Córas Smachta Tráchta Uirbeach go dtí breis ceantair don gCathair. Insealbhaíodh seastáin nua do rothair i Lár na Cathrach chomh maith le háiseanna níos fearr do rothaithe agus cuireadh breis sráideanna ar ais ar an gcóras tráchta dhá threo.

Tugadh aonaid leictreonach láimhe don tSeirbhís Maoir Tráchta mar áis chun fíneálacha a eisiúint ar an sráid. D'éascaigh sé seo córas a chur ar fáil chun fíneálacha tráchta a íoc ar-líne sa Rannóg Tráchta a chur ar chumas daoine fíneáil a íoc laistigh de 24 uair an chloig.

Tuarascáil Bhliantúil 2004

Comhairle Cathrach Chorcaí

Stiúrthóireacht Pobal agus Fiontraíocht

Stiúrthóireacht Pobal agus Fiontraíocht

Tá an Stiúrthóireacht Pobal agus Fiontraíocht freagrach as clár oibre áitiúil 21, forbairt pobail, cuimsitheach sóisialta agus fiontar/forbairt geilleagair.

I rith 2004, bhí an Stiúrthóireacht Pobal agus Fiontraíocht bainteach leo seo leanas:

AONAD CUIMSITHE SÓISIALTA

http://www.corkcity.ie/ourservices/communityenterprise/siu.shtml

I 2003, bhunaigh an tAonad Iniúchadh Cuimsitheachta Sóisialta ar ghníomhaíochtaí na Comhairle Cathrach. De thoradh ar an iniúchadh seo, d'fhoilsigh an tAonad Plean Gníomhaíochta Cuimsitheachta Sóisialta, ina bhfuil mion eolas agus táscairí ar ghníomhaíochtaí do gach Roinn agus Stiúrthóireacht den Chomhairle Cathrach. Ghlac an Chomhairle leis an bPlean Gníomhaíochta i Mí na Nollag 2003 agus sheol an tArdmhéara agus an Bainisteoir Cathrach é i Halla na Mílaoise i mí na Bealtaine 2004.
I gcónasc leis an bPlean Gníomhaíochta, coimisiúin an tAonad Cuimsitheachta Sóisialta taispeántas grianghraif ("Picture This"). Ba chleachtadh tábhachtach chun meabhraíocht a ardú é seo agus ba é cuspóir an taispeántais ná breis tuisceana a thabhairt ar chuimsitheacht sóisialta agus ar na tionscnaimh a bhí in úsáid chun troid i gcoinne cuimsitheachta sóisialta reatha nó féideartha. Seoladh an taispeántas an lá céanna leis an bPlean Gníomhaíochta i roinnt láithreacha ar fud na cathrach (m.sh. Aonad Siopadóireachta na Linne Duibhe, Aonad Siopadóireachta na Dúghlaise, C.O.C., I.T.C., leabharlanna, 7rl.) agus d'osnaíodar san é thar na ceithre mí ina dhiaidh sin. Is de bharr gur sna h-ionaid seo a bhí an taispeántais gur chonaic an méid a bhféidir é.

Tionscadal eile a ghlac an tAonad Cuimsitheachta Sóisialta ar lámh i 2004 ab ea ullmhú na próifíle bochtaineachta de Chorcaigh; tugann sé seo cuntas mion ar bhochtaineacht sa chathair do Chomhairle Cathrach Chorcaí.

Bhí an t-aonad rathúil ina iarratas leis an nGníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine dheontas de €30,000. Úsáideadh an maoiniú seo chun prionsabail Chuimsitheachta Sóisialta a luí isteach leis an bPlean Corparáideach nua trí seimineár don fhoireann agus taighde ar cheantair agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste sa chathair.

RAPID

http://www.corkcity.ie/ourservices/communityenterprise/rapid.shtml

Ciallaíonn RAPID "Revitalising Areas through Planning, Investment and Development". Tá an clár á sheachadadh faoi láthair le 45 ceantar ar fud na tíre (ceithre cinn i gCathair Chorcaí) chun díriú ar mhíchumas agus chun seirbhísí a chomhtháthú sna ceantair seo.

Is iad na ceithre ceantair RAPID i gCathair Chorcaí ná:

- Cnoc na hAoine/Cnoc an Chuilinn/ Cnoc na Cille
- An Linn Dubh/An Gleann/Baile na mBocht
- Cnoc an Aonaigh/Garrán na mBráthar/ Fearann Rí
- An Tóchar/Machan

Faoi mar atá an clár RAPID ag dul chun cinn, tá an Rialtas ag tabhairt breis tosaíochta do. Is í an fhianaise is soiléire de seo ná an leibhéal infheistíochta atá curtha isteach i gceantair RAPID agus sna tionscnaimh mhaoinithe leanúnacha atá dírithe ar théamaí sainithe. Tá meastachán iomlán de bhreis agus €10m infheistíochta curtha isteach i gcláir RAPID i gCathair Chorcaí. I 2004 dáileadh €288,000 chun áiseanna páirceanna imeartha a fhorbairt i ngach ceann de na ceithre ceantair RAPID.

Lamháil an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí €934,000 (faoina Bheart Comhionannais do Mhná) do thionscadail i gCathair Chorcaí. Tá an maoiniú seo dírithe go háirithe ar mhná ina gcónaí i gceantair RAPID.

Tá €1.7m dáilte ag Ciste na gCuntas Díomhaoin do thionscadail i gceantair RAPID; tá na deontais i réimse ó €5,000 go dtí €485,000. (Tá liosta iomlán de na méideanna le fáil ar www.dormantaccounts.ie)
Ta tosaíocht tugtha do mhaoiniú Caipitiúil Spóirt i 2004/2005 do cheantair RAPID. Dáileadh €1.3m i maoiniú Caipitiúil Spóirt le tionscadail trasna ceithre ceantair RAPID i rith 2004. Chomh maith leis an méid seo, dháil Ciste Ardaithe na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuatha agus Gaeltachta méid breise de 10% le gach tionscadal molta ag na Foirne Forfheidhmithe Ceantair áitiúla.

Strategic Cork

Is féidir féachaint ar Strategic Cork ar http: //www.corkcity.ie/strategiccorkguide/

Leabhrán margaíochta is ea Strategic Cork, deartha le haird ar eagraíochtaí gníomhacha eacnamaíocha a tharraingt ar Chorcaigh (ar nós infheisteoirí nó iad siúd ag teacht go cathair Chorcaí – go háirithe oibrithe le hardscileanna agus lucht taighde) agus eagraíochtaí ag lorg an dream thuas. Tá sé dírithe chomh maith ar eagraíochtaí ag lorg breis oibre dá ngnó.

Taispeánann an leabhrán (a foilsíodh le CD, le leagan leathnaithe den leabhrán i mBéarla, Fraincis, Gearmáinis agus Spáinnis) an t-eolas riachtanach chun duine a chur ar an eolas faoi chinntí saoil nó taispeánann se cá bhfuil an t-eolas sin le fáil ar an idirlíon.

Tuarascáil Bhliantúil 2004

Comhairle Cathrach Chorcaí

Príomhchathair Chultúrtha na hEorpa 2005

Príomhchathair Chultúrtha na hEorpa 2005

I 2004 d'fhorbair, choimisiúnaigh agus sheol oifig Chorcaí 2005, clár do chomharthú Chorcaí mar Phríomhchathair Chultúrtha na hEorpa. Tá an Clár ollmhór d'imeachtaí, le 236 tionscadal cruthaitheach leis na cleachtais idirnáisiúnta is fearr chomh maith le hobair nua- chruthaitheach ó Chorcaigh, le mórán imeachtaí curtha ar fáil saor in aisce in áiteanna poiblí. Bhí an clár a forbraíodh ilghnéitheach ina cheiliúradh cultúir ag tabhairt isteach ocht ghairm: Ailtireacht, Dearadh agus Ealaíon Radharcach; Féilte; Fuaim agus Meáin Scannánaíochta; Litríocht, Foilseacháin agus Comhdhálacha; Ceol; Áitribh, Próiseáil agus Taighde; Spórt; Amharclann agus Rince. Bhí an chéad chuid den obair tógtha ar lámh ag foireann leathnaithe Chorcaí 2005 déanta suas de chéad tríocha sé thionscadal roghnaithe a thabhairt go dtí an stad seachadta i gcóir na bliana 2005.

I rith 2004, bhain foireann Chorcaigh 2005 amach a sprioc de 25 fostaí. Chuir Corcaigh 2005 fáilte roimh an Ardmhéara, An Comhairleoir Seán Martin mar chathaoirleach nua, ag dul i gcomharbas ar an gComhairleoir Colm Burke.

Lean cur chun cinn Chorcaí i rith na bliana le cuairteanna ó mhórán ambasadóirí, toscairí agus iriseoirí eachtracha. Bhí obair mearchiallach ar siúl, tionóladh na céadta cruinnithe le comhpháirtí tionscadail an chláir, na healaíontóirí, scríbhneoirí, compántais amharclanna, rinceoirí, coistí pobail agus eagraíochtaí a ndéanann a smaointe cruthaíochta suas timpeall 70 faoin gcéad den chlár. Bhí pleanáil agus ullmhú don searmanas oscailte ullamh go maith, le lóistíocht ollmhór i gceist leis an ócáid a chur ar stáitse ag tógáil suas uaireanta fada in oifig 2005.

Ar an 7ú lá de Dheireadh Fómhair sheol an tAire Ealaíon Spóirt agus Turasóireachta. John O'Donoghue an clár oifigiúil. D'fhreastail breis agus seachtó ball de na meáin idirnáisiúnta ar an ócáid, chomh maith le h-iriseoirí áitiúil agus náisiúnta agus daoine mór le rá ó earnáil na h-ealaíona agus gnó chomh maith le muintir Chorcaí. Seoladh an clár le gairm áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Ag labhairt ag an seoladh, agus é ag caint as béarla dúirt Stiúrthóir Corcaigh 2005 John Kennedy gur chuir an clár an-áthas air: "Beidh an bhliain seo chugainn iontach go fíor, le clár a léiríonn Corcaigh, Éire agus an Eoraip. Mar an chathair is lú riamh chun an teideal céimiúil seo a fháil, bhí ar Chorcaigh aghaidh a thabhairt ar an ndúshlán dá háit a ghlacadh in aice leis na cathracha móra san Eorpa a raibh an teideal acu cheana – lena n-áirítear Cóbanhávan, Maidrid, Heilsincí agus Prág. Tá an dúshláin sin comhlíonta ag Corcaigh go teann agus ina slí uathúil phearsanta féin"

Dúirt an tAire Ealaíon Spóirt agus Turasóireachta. an tUasal John O'Donoghue leis an slua mór san Áilear Crawford go dtógann an rud a tharlóidh i 2005 pearsantacht cruthaitheach na hEorpa chomh maith le anamúlacht Chorcaí agus na hÉireann. "Cathair álainn í Corcaigh, i bhfolach agus gan súil leis – cathair bheag de réir téarmaí na hEorpa b'fhéidir, ach i 2005, tríd an teideal de Phríomhchathair Chultúrtha na hEorpa a fháil, glacfaidh Corcaigh a háit ar stáitse na hEorpa."

Labhair Ardmhéara Chorcaí, An Comhairleoir Seán Ó Mairtin faoi chiall nuálacht Chorcaí faoi mar atá an comharthú ag dul i fheidhm: "Is iomchuí go mór anois é, de réir mar atá Corcaigh chun ré iontach athnuachana a bhraith, go dtagann an clár den scoth atá cruthaithe ag an bhfoireann ag Corcaigh 2005 i gcrích taobh le hamharc cathrach feabhsaithe shráideanna Chorcaí. De réir mar a gcuireann Corcaigh 2005 fáilte roimh an Eoraip, táimid mar chathair agus mar mhuintir réidh le tabhairt faoinár mbliain mar Phríomhchathair Chultúrtha na hEorpa."

Faoi dheireadh 2004, bhí an chathair ag ullmhú i gcomhair an tSearmanais Oscailte, agus bhí ullmhúcháin ar bun chun glacadh le 100,000 duine isteach sa chathair idir muintir na háite agus chuairteoirí, ó gach aird den tír, agus ó mórán tíortha ar fud na hEorpa. Níl aon dabht ná gurab é Corcaigh an áit san Eoraip le bheith i 2005, Príomhchathair Chultúrtha na hEorpa.

Tuarascáil Bhliantúil 2004

Comhairle Cathrach Chorcaí

Stiúrthóireacht Tithíochta agus Pobail

Stiúrthóireacht Tithíochta agus Pobail

Plean Straitéise 5 bliana

I 2004 thosaigh an phas deireanach, an tríú phas, de bhainistíocht ceantair i ndeisceart na cathrach. Tá tabhairt isteach an chórais bainistíochta bunaithe ar cheantair mar phríomh eilimint de Phlean Straitéiseach 5 bliana de chuid Stiúrthóireacht Tithíochta Chomhairle Cathrach Chorcaí (2000-2004).

Tá fáilte curtha ag muintir na h-áite roimh an gcóras ceantar bhunaithe. Tugann sé seans dóibh plé a dhéanamh ar eisithe tithíochta ar nós eisithe bainistíochta cíosa agus eastát.

Seo leanas na feidhmeanna atá le bainistiú go h-áitiúil:

- Measúnú cíosa agus smacht ar riaráiste
- Cionroinnt tithe agus tarchuir
- Smacht neamhnithe
- Coimeád freagrach
- Measúnú pleanáil coimeád
- Briseadh rialacha tionónta
- Rannpháirtíocht tionóntaí

Plean Gníomhaíochta Sóisialta agus Acmhainneach

Leagann an Plean Gníomhaíochta Sóisialta agus Acmhainneach (2004-2008) amach moltaí Chomhairle Cathrach Chorcaí chun tithíocht nua a chur ar fáil laistigh de na cúig bliana atá le teacht, chomh maith le cothabháil, coimeád agus bainistíocht na dtithe atá ann faoi láthair. Tugann sé aird chomh maith ar fhorálacha ón earnáil chomharchumainn agus deonach. Tá an plean ag súil le 3000 aonad tithíochta sóisialta agus tithíocht do dhaoine le acmhainn íseal a sheachadadh. Tá mór-chothabháil soláthraithe do stoc tithíochta Chnoc na hAoine agus an Gleann, Céide Ghleann na Gréine agus Plás an Chuisínigh sa phlean, chomh maith le ligean amach agus ath-fhorbairt árasáin Charraig an Déin.

Caipitil Tithíochta

Bhí 257 aonad críochnaithe nó gar le bheith críochnaithe faoi dheireadh 2004.

- Bruach na Sailí 52 aonad
- Glenfields 86 aonad
- Glen Infill 48 aonad
- Sráid John Philpot Uí Churáin 2 aonad
- Árd Naomh Iósaf 30 aonad
- Regina Mundi 39 aonad

Leanfaidh na mór scéimeanna seo leanas i 2005:

- Céide Berlingford 42 aonad
- Talamh Uí Chathasaigh 47 aonad
- An tSeandún 35 aonad
- Bóthar na Cliarscoile 31 aonad

155 units

Ceannach Tithíochta

Tá ceannach maoin chun riachtanais tithíochta ar mhaithe le frithbhearta i gcoinne leithscaradh sóisialta comhionann le polasaí an rialtais. I 2004, ghlac Comhairle Cathrach Chorcaí le moladh chun téarmaí a cheannach do 90 teach.

Tithíocht ar Phraghas Íseal

Seo leanas mar atá an suíomh maidir le obair faoi láthair ar thithíocht ar phraghas íseal:

- Talamh Uí Chásathaigh, Bóthar an Chaisleáin 53 aonad

Á Thógáil

- An Linn Dubh 20 aonad

Tógáil ullamh chun tosú

- Glenfields 23 aonad

An Obair Críochnaithe

- Gort Uí Bhuachalla 32 aonad

Á Thógáil

- Céide Berlingford 14 aonad

Á Thógáil

- Lána Chnoc an Chuilinn 2 28 aonad

Conarthaí le síniú

170 aonad

Scéimeanna Athfhorbartha/ Athghiniúna

An Gleann

Ta obair ar siúl ar Phas 1 de thionscnamh athghiniúna an Ghleanna. Tá an Phas seo don obair le bheith críochnaithe i mí Iúil, 2005. Tá

comhairliú agus dearadh tosaithe ar Phas 2 den tionscnamh seo.

Máistirplean Chnoc na hAoine

Tá cead faighte ag an gComhairle Cathrach ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil cuireadh a thabhairt do forthairiscintí ó chonraitheoirí do Bhloc D. Beidh luach an chonradh thart ar €22m.

An Tóchar – Carraig an Déin

Tá miontuairiscí pleanála dá ullmhú anois don suíomh. Tá an coimpléasc á scinceáil amach faoi láthair i gcóir cuireadh a thabhairt do mholtaí faoi shocrú comhpháirtíochta Poiblí/Príobháideach/ chun an suíomh a fhorbairt.

Tithíocht Deonach

Tá maoiniú lóistín dá chur ar fáil ag an earnáil deonach faoin Scéim Cúnamh Caipitiúil agus faoin Scéim Iasachta Caipitiúil & an Scéim Fóirdheontais. Tugtar aitheantas do thábhacht an Earnáil Deonach chun riachtanais lóistín sóisialta a sheirbheáil chun riachtanais speisialta agus lóistín dídean a chur ar fáil. Tá obair an earnáil dídean méadaithe go mór le blianta beaga anuas agus lean an dul chun cinn seo trí 2004 le tionscnaimh eile ullamh le tosú i 2005. Ta achoimre de na scéimeanna tabhartha thíos:

Scéim Iasachta Caipitiúil agus Cúnaimh Airgid

1. An Lána Leathan, An Linn Dubh
   Cumann Tithíochta Chlúid **28 Aonad**
   Á thógáil
2. Respond! Tithíocht Deonach
   Árasáin na Linne Duibhe **12 Aonad**
   Á thógáil

Scéimeanna Cúnaimh Caipitiúil

1. Respond! Tithíocht Deonach **50 Units**
   Árasáin na Linne Duibhe
   Á Thógáil
2. Aosaigh Bhaile an Easpaigh **25 Aonad**
   Á Thógáil
3. Fearann Rí Tithíocht Dídean **39 Aonad**
   Á Thógáil
4. Teach Déirce Scidí **15 Aonad**
   Á Thógáil
5. Clann Simón Corcaigh **13 Aonad**
   Á Thógáil
6. Cumann Tithíochta an tSean Bhaile **1 Aonad**
   Á Thógáil
7. Respond – 28/29 Sráid Bhaile Átha Cliath. **12 Aonad**
   Forthairiscintí á lorg
8. Respond – Sráid Thomáis Daibhéad. **7 Aonad**
   Dearadh ar bun

Comhairle Cathrach Chorcaí

Tuarascáil Bhliantúil 2004

Stiúrthóireacht Comhshaoil

Stiúrthóireacht Comhshaoil

Lár-Chóras Séarachta Chorcaí

Chun bheith géillsineach do Threorach Cóireála Uisce Dramhaíola an AE agus do Chlár Gníomhaíochta Comshaoil an Rialtais, tá Lár Chóras Séarachta Chorcaí críochnaithe anois. Tá an Scéim maoinithe ag Ciste Comhtháite Aontais na hEorpa agus Plean Forbartha Náisiúnta an Rialtais tríd an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Is é atá i gceist ins na h-oibreacha, atá déanta suas de 18 conradh mór innealtóireachta sibhialta, ná:

- Gach ligean amach eisilteach go dtí an abhainn a bhailiú agus an múnlach a phumpáil trí Liosca Ceannasach go dtí an trealamh cóireála nua.
- Córas nua uisce bréan do Oileán Lár na Cathrach.
- Trealamh cóireála eisilteach nua a thógáil de Chathair Chorcaí ar suíomh glan ag Carrigrennan ar Inse Ratha.

Chosain Lár Chóras Séarachta Chorcaí os cionn €300m.

I 2005, tar éis Príomh Scéim Chorcaí a críochnú, beidh athrú iomlán sa chóras cóireála agus cur as lámh dramhaíola, le gach múnlach bréan dá chóireáil, seachas é a scaoileadh díreach isteach sa Laoi laistigh don gcathair gan chóireáil. Bainteach leis seo beidh stáisiún pumpála nua ag Atlantic Pond, Príomh-liosca ag Baile an Iúir, Siofónadh ag Teach an Chustaim Loch Mhachan agus cheithre theach déag pumpála eile. Tá an Gléasra Cóireála nua ag Carrigrennan dá oibriú ar bhonn conradh ag Northern Lyonnaise Ltd, thar ceann an ghrúpa Joint Venture Group a fuair an conradh chun an gléasra a thógáil agus a oibriú. De thoradh ar an obair seo tiocfaidh feabhas suntasach ar an uisce sa Laoi, i Loch Mhachan agus ag Bhun an Chuain.

Oibreacha Uisce Bóthar na Laoi

Faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2004–2006, lamháladh €15 milliún chun na h-oibreacha uisce a chur i gcruth nua-aimsire. Cuirfear an tionscnamh chun forthairiscint i 2005 le tógáil le tosú i 2006. Tá Cuibhreann Idirnáisiúnta – Halcrow, Fehilly, Timoney & Associates Ceaptha mar Ionadaithe Client na Comhairle Cathrach de réir Treorach Soláthair an AE.

Soláthar Forlíontach Molta

Cheadaigh an Roinn Comhshaoil Oidhreachta & Rialtais Áitiúil doiciméid conradh chun foráil do líne nua uisce /tine chun freastal ar Eastát Tionsclaíochta Tivoli agus chun ceangal le gréasán na cathrach annsan. Is é costas measta an phríomh líne uisce molta ná €2 milliún agus beidh sé tógtha i 2005.

Comhairle Cathrach Chorcaí ag feabhsú a Sholáthar Uisce

Athchóiriú Príomh Linnte Uisce

San áireamh sa Chlár infheistíochta Cothabhála Uisce tá cionroinnt de €13.03 milliún (Phas 2, Athchóiriú Gréasáin) ar son oibreacha athchóirithe i gCathair Chorcaí. Tá faid suntasach de phríomh linnte uisce atá ath-nuachta nó athchóirithe chomh maith le Coraí Lár Chóras Séarachta Chorcaí. D'ullmhaigh Innealtóirí Comhairleach Ryan Hanley/ Carl Bro Ireland dréacht Réam-thuarascála ar riachtanais an Ghréasáin Dáileadh Uisce – Phas 2. Thóg an teacht comhpháirteach a glacadh, foireann na Comhairle Cathrach agus foireann comhairleach an tionscnaimh ag obair le chéile. Tá an Tuarascáil ar an anailís is cuimsithe a déanadh riamh ar ghréasán uisce na cathrach.

Is é an cuspóir a bhí leis an dtuarascáil seo ná scrúdú a dhéanamh ar thorthaí an iniúchadh a rinneadh ar ghréasán dáileadh uisce na cathrach agus chun moltaí a dhéanamh faoin obair a bheadh riachtanach chun dul i ngleic le scaoileadh amach, eisithe struchtúir agus tréith an uisce a h-ainimhíodh i rith an fhiosrú. Leanann an obair seo ó dhian eolas agus tuiscint a bhunaíodh

i rith Phas 1 don gClár Cothabhála Uisce.

Leagann an tuarascáil amach teacht comhtháite ar athchóiriú an phríomh líne uisce bunaithe ar roinnt gnéithe ar nós tréith an uisce, an bail struchtúrach agus gníomhú hiodrálach na bpíopaí agus leagann sé amach moltaí ar an slí ar aghaidh chun an gréasán uisce a athchóireáil.

Leagann an tuarascáil amach straitéis gearr/meán agus fad téarmach don athchóireáil.

Tá an straitéis gearr/meán téarmach ag féachaint le 18.62Km a athchóiriú i gceantar méadair amháin chomh maith le athchóiriú ar 29 príomh líne le ard thosaíocht ar chostas measta de €9.672 milliún idir 2004 agus 2006.

Féachann an straitéis fadtéarmach ar athchóiriú ar 423km de phríomh línte uisce ar chostas de €110 milliún idir 2004 agus 2016.

É seo chun déileáil le riaráiste de obair athchóirithe riachtanach ar bhonn an tslí atá rudaí faoi láthair agus tá sé molta an obair a dhéanamh thar tréimhse 10-mbliana.

Ceantar Forbartha na nDuganna

Tá staidéar féideartha ullmhaithe ag Carl Bro – Ryan Hanley Consulting Engineers maidir le forbairt sa todhchaí ar an ngréasán uisce chun freastal ar an éileamh amach anseo ó Phlean Cheantair Forbartha na nDuganna.

Taighde Uisce Straitéiseach ar Chomhairle Contae Chorcaí (An Roinn Theas) agus Cathair Chorcaí.

Tá an taighde seo ar bun agus dá dhéanamh ag RPS- MCOS Innealtóirí Comhairleach bunaithe in Inis Mór, Baile an Chollaigh. Clúdóidh an Taighde Uisce Straitéiseach cuimsitheach ceantar an Taighde ar feadh an 25-30 bliain atá le teacht.

Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce 2004–2006

Faoi Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce an Rialtais 2004–2006:

a. €15 milliún
do athchóiriú Oibreacha Uisce Bóthar na Laoi

b. €4,400,000
taiscumar stórála nua uisce ag an Shean Choill; agus

c. €1,700,000
athchur don shean phríomh line go dtí Taisc Umair na Shean Choille.

d. €10,000,000
do Scéimeanna Draenála agus Uisce Dugaí.

e. €1,340,000
do Thaighde Straitéise Uisce Chomhairle Contae Chorcaí (An Roinn Theas) agus Cathair Chorcaí.

f. €2,000,000
do thógáil an príomh líne uisce idir Inse Ratha agus Tivoli.

Tuarascáil Bhliantúil 2004

Comhairle Cathrach Chorcaí

Roinn Ailtire na Cathrach

Roinn Ailtire na Cathrach

Soláthraíonn Roinn Ailtirí na Cathrach seirbhísí ailtireachta agus comhairle don Chomhairle Cathrach, don Bhainisteoir Cathrach, don Stiúrthóir Seirbhísí agus do Cheannairí Feidhmeanna. Chomh maith leis na seirbhísí sin a sholáthar, tá ról níos leithne ag Roinn Ailtirí na Cathrach ó thaobh comhairle maidir le cúram a dhéanamh d'fhoirgnimh bardasacha agus ó thaobh feasacht deartha agus ailtireachta a spreagadh sa chathair.

Dhírigh an Roinn go speisialta le linn 2004/5 ar an riachtanas atá ann ullmhúchán a dhéanamh do stádas nua na Cathrach mar Príomhchathair Chultúrtha na hEorpa.

Saoráidí nua atá molta d'Oifigí na Cathrach

Cuireadh tús leis an tionscadal seo ar an láthair i mí na Samhna 2004 agus tá sé ag dul ar aghaidh de réir spriocdháta. Tá an suíomh suite idir Halla na Cathrach agus an Stáisiún Dóiteáin ar Shráid Anglesea. Beidh an foirgneamh atá molta mar lárionad riaracháin ag Comhairle Cathrach Chorcaí. Beidh Halla na Cathrach fós ann mar lárionad Cultúrtha agus Polaitiúil ag Comhairle Cathrach Chorcaí. Soláthróidh na hOifigí Cathrach atá molta saoráidí fáilte poiblí agus cruinnithe le haghaidh comhéadan poiblí níos fearr, chomh maith le hoifigí príobháideacha agus seirbhísí tacaíochta do roinnt ranna i gComhairle Cathrach Chorcaí. Soláthróidh na hoifigí saoráidí foirne d'ardchaighdeáin lena n-áirítear oifigí nua-aimseartha ar phlean oscailte, naíolann le haghaidh suas go dtí 23 leanbh óg agus ceaintín. Cuirfear cóiríocht oifige den scoth ar fáil freisin a bheidh oiriúnach le ligean ar bhonn tráchtála.

Cuirfidh an fhorbairt atá molta go mór leis an gCathair, a bheith suite díreach in aice le Halla na Cathrach.

Gníomh Polasaí an Rialtais ar Ailtireacht 2002–2005

Tá sé mar aidhm ag an bpolasaí Ailtireachta seo ailtireacht a chur ar an gclár oibre polaitiúil agus cultúrtha agus fáil réidh le baic ó thaobh timpeallacht thógtha de chaighdeán maith a bhaint amach. Cé nach féidir le Polasaí Rialtais ar Ailtireacht ailtireacht mhaith a sheachadadh as féin, is féidir leis:

1. An tábhacht shóisialta agus chultúrtha atá le hailtireacht sa tsochaí a aithint.
2. Feabhsúchán i gcaighdeán na timpeallachta thógtha a chur chun cinn, trí choinníollacha a chothú a thiocfaidh le táirgeadh ailtireachta maith agus le cosaint a thabhairt don oidhreacht ailtireachta, agus trí chleachtas níos fearr a spreagadh sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon.
3. An coincheap a bhaineann le hinmharthanacht i ndearadh, tógáil, feidhmiú, cothabháil agus feabhsúchán foirgneamh a chur chun cinn.
4. Sampla a leagan síos don phobal i gcoitinn leis an gcaighdeán ag a dtógann an Stát, agus an cúram a thugann an Stát do na foirgnimh a fhaigheann sé mar oidhreacht.
6. Na caighdeáin arda de sholáthar comhshaoil i rialtas áitiúil, earnálacha Leath-Stáit agus príobháideacha a chur chun cinn trí reachtaíocht, rialachán agus beartais airgeadais mar is cuí.
7. Cuidiú chun éiteas a chruthú agus a choinneáil a thugann tús áite do ardchaighdeán i bhfoirgnimh trí oideachas agus spreagadh.

Na Seirbhísí Ailtireachta a Sholáthraítear:

- Ullmhúchán comhairliú/eolas
- Dearadh
- Bainistiú Tionscadail
- Cothabháil
- Athchóiriú
- Caomhnú agus Athchóiriú

Obair atá ar siúl faoi láthair:

Stádas amhail an 31 Nollaig 2004

- **Céim 1** **Athnuachan an Ghleanna**
  Ar an láthair,
- **Céim 2** **Athnuachan an Ghleanna**
  Staid Deartha
- **Síneadh Tithíochta**
  Éagsúlachtaí
- **Athnuachan Chnoc na hAoine** **céim D**
  Le tosú ar an láthair i Meitheamh 2005
- **Athnuachan Chnoc na hAoine céimeanna EFGH**
  Staid Deartha

- **Oifigí ag Sráid Anglesea/Sráid Eglinton**
  Ar an láthair
- **Leabharlann na mBuaircíní, Baile Féitheán**
  Le tabhairt chun críche i mBealtaine 2005
- **English Market – oibreacha ealaíne**
  Staid Deartha
- **Cartlanna sa Linn Dubh**
  Ar an láthair
- **Tithíocht Chrosaire Tuirnéir**
  Le tosú ar an láthair i mí Iúil 2005
- **Leabharlann ag Wilton**
  Staid tairisceana
- **Teach Ringmahon, Machain**
  Staid tairisceana
- **Céim 3 Músaem, Páirc Uí Ghearailt**
  Staid deartha
- **Tithíocht Suzie's Field**
  Staid Deartha
- **Foirgnimh Cosanta Sibhialta, An Linn Dubh**
  Tugtha chun críche
- **Tithíocht Thobar N. Sheáin**
  Ar an láthair
- **Aghaidheanna & Ráillí ag Halla na Cathrach**
  Ar an láthair

Freagrachtaí agus Comhcheangal

- An Clár Caipitiúil Tithíochta
- An Clár Caipitiúil Leabharlanna
- An Clár Caipitiúil don Roinn Dóiteáin
- Foirgnimh Shibhialta
- Caomhnú

Móroibreacha a tugadh chun críche le gairid	Luach
Teach na Cúirte ag Sráid Washington	€26.5m
Gradam RIAI Halla na Mílaoise	€6.25m
Stáisiún Dóiteáin Baile Ui Mhaoláin	€1.50m
Tithíocht Inbhuanaithe Na Luatí Móire 50 Aonad	€6.60m
Cnoc na hAoine (C) Athchóiriú/Aonaid Líonadh Isteach	€5.50m
Síneadh leis an Músaem ag Páirc Uí Ghearailt Gradam RIAI	€2.00m
Fánán ag an iontráil thiar de Halla na Cathrach	€0.12m
Athchóiriú/Nua Lána Ghleann na Muaidhe Taispeántas 106 Aonad Tithíochta RIAI	€7.70m

Comhairle Cathrach Chorcaí

Tuarascáil Bhliantúil 2004

Córas Faisnéise

Córas Faisnéise

Ba é 2004 an chéad bhliain ag a straitéis CF nua. Aithníonn an straitéis deich dtionscadal tábhachtach a chuirfear i bhfeidhm laistigh d'fhráma ama trí bliana. Cuireadh tús le cúig cinn de na tionscadail seo i 2004

Tacóidh feidhmiú ár LRS (líonra rochtana stórála) le hatheagrú ár líonra agus cruthófar ionaid eolais tábhachtacha ar leith mar thoradh air. Cuireadh roinnt seirbhísí nua i bhfeidhm ar-líne mar an cumas fíneálacha páirceála agus táillí dramhaíola a íoc tríd an idirlíon mar chuid de chlár rialtas atá ag dul ar aghaidh go leanúnach ar fud na heagraíochta. Cuireadh oiliúint ar 30 ball foirne teicniúla chun uirlisí agus caighdeáin CAD (dearadh ríomhchuidithe) nua a ghlacadh Cuireadh tús le hobair ar an Roinn Dóiteáin chun córais nua a aithint a thabharfadh tacaíocht do na seirbhísí éigeandála, le uirlisí déanta-cinntí níos fearr ar an láthair, agus ag eachtraí. Ar deireadh rinneadh athchóiriú agus athdhearadh iomlán ar láithreán gréasáin corkcity.ie. Thóg sé ocht mí chun an tionscadal a thabhairt chun críche agus bhí baint ag na ranna uile leis. Bhí an tArdmhéara i mbun seoladh ar éirigh thar cionn leis i mí na Samhna. Léiríonn an suíomh nua dea-chleachtas de réir caighdeáin rochtana náisiúnta. Ba é an t-aon suíomh rialtais áitiúil é a bhí ainmnithe do ghradam faoin gcatagóir rochtana de na gradaim ríomh-rialtais náisiúnta.

Córais Airgeadais

Thug an rannóg Feidhmchláir Airgeadais faoi roinnt tionscnamh le linn 2004 chun feabhsúcháin ar phróisis a bhí ann cheana a chur chun cinn agus chun tacú le tabhairt isteach clár ríomh-Rialtas cuimsitheach. San áireamh sna tionscnaimh seo bhí:

- Aistriú leictreonach airgid a thabhairt isteach do chuntais iníoctha le dáileadh leictreonach d'aischuir san áireamh
- Baincéireacht ar an idirlíon a thabhairt isteach do Paypath, EFTS, Dochar Díreach agus Asbhaintí Coigiltis
- Íocaíochtaí cárta creidmheasa Ar-Líne a thabhairt isteach do tháillí bruscair.
- Tacú le Meastacháin Bhliantúla Ar-Líne a thabhairt isteach
- Tugadh dochar díreach isteach do fhiacha tráchtála agus rinneadh an próiseas do fhiacha teaghlaigh níos simplí agus uathoibríoch
- Críochnaíodh an tabhairt isteach de chóras iasachtaí tithe náisiúnta leis na nithe seo leanas san áireamh
  - » Comhtháthú agus comhéadan le ERP
  - » Cáipéisí HL a dhearadh agus a ródú
  - » Córais HL agus TP a chomhdhlúthú
  - » Tacú le haonaid láimhe a thabhairt isteach do pháirceáil íoctha
- Tosaíodh ar fheidhmiú beo d'íocaíochtaí IVR ar-líne le comhtháthú leis an gcóras cúl-oifige san áireamh
- Críochnaíodh an tabhairt isteach den Chomhtháthú Chórais Chúirte
- Tacú le Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha lena n-áirítear sleachta agus eolas vótála a phriontáil.

Gnóthaíodh é seo ar fad san am céanna ag tabhairt tacaíocht teicniúil do bhreis agus 300 úsáideoir de Chóras Bainistíochta Airgeadais JD Edwards agus san áireamh rinneadh:

- Tástáil agus feidhmiú ar nuashonraí
- Riaradh Bunachar Sonraí
- Breisiúcháin Fheidhme
- Dearadh agus Ródú Doiciméad

Cuireadh tacú ar fáil chomh maith do roinnt chórais gaolmhar trasna na heagraíochta san áireamh Párolla, Ranníocaíochta Pleanála, Bainistíocht Tuarascálacha.

Feidhmithe Ginearálta

Ba bhliain forbartha sa teicneolaíocht nua an bhliain seo caite sa Rannóg Feidhmithe Ginearálta. Forbraíodh an suíomh idirlín **www.corkcity.ie** go h-iomlán leis ba é an cuspóir ba mhó ná teacht níos fearr bheith ag an bpobal, cairdiúlacht saoránach agus ábhar níos saibhre. Chuaigh an suíomh beo i mí na Nollag 2004 agus ainmníodh é do dhuais ríomh-Rialtais ar son inrochtaineacht i mí Feabhra 2005. Príomh-sprioc dúinn is ea feabhas a chur ar an suímh idirlín eile i 2005. Táimid anois tosaithe ag forbairt feidhm bunaithe ar brabhsálaí ag úsáid Microsoft .NET framework

agus chuige seo tá feidhmeanna inscaradh go rathúil do Togh-chóras agus Pearsanra sna mheán seo. Tá athchóiriú déanta ar idirlíon na Comhairle chomh maith le leathanach baile dá choimeád ag Gnóthaí Corparáideacha.

Tá an fhoireann faoi láthair bainteach le mórán tionscnaimh ilghnéitheach laistigh den eagrais. Tá bainistiú doiciméad ag úsáid na feidhme iDocs dá thabhairt amach laistigh den Roinn Pleanála. Táimid ag obair go dlúth leis an Leabharlann ar fhorbairt suíomh idirlín Leabharlann Chorcaí agus le Pobal agus Fiontraíocht ar fhorbairt suíomh idirlinn Connect Cork chun feabhas a chur ar eolas agus meabhrach faoi theicneolaíocht laistigh don gcathair.

Bhí an fhoireann bainteach chomh maith le huasghrádú príomh fheidhmeacha tacaíochta laistigh don eagrais, san áireamh iPlan, STARS Risk Management System agus an fheidhm Roadmap. Bhí an fhoireann bainteach chomh maith le roghnú agus seoladh amach feidhmeanna nua córas dlí agus córas dramhaíola trádála san áireamh. Déileálann an rannóg le 50+ eisiúint cabhrach sa mhí ar an meán.

Córais Mapála Eolais

Tá inrochtaineacht sonraí don Chomhairle Cathrach ina iomláine ina fócas de phríomh-thionscnamh le bliain anuas. Leis seo ar aigne mhol an roinn Córais Faisnéise an bog-earra mapála a athrú go dtí Autodesk MapGuide mar ais chun sonraí abartha OSI na Comhairle Cathrach agus tríú páirtí a fhoilsiú tríd an inlíon. Is féidir le aon duine le rochtain go dtí an inlíon brabhsáil tríd an mapáil cathrach gan dua. Tá feidhmeanna ag an stiúrthóireacht pleanála chun teacht ar shonraí iarratais pleanála agus chun ceangal le bunachar sonraí 'iplan' más gá. Táthar ag súil go mbeidh an fheidhmiúlacht seo ar fáil don phobal trí shuíomh idirlín Chathair Chorcaí.

Le blianta fada ba é Bentley's Microstation feidhm corparáideach CAD. De bharr breis rannpháirtíochta idir an Chomhairle Cathrach agus comhlachtaí príobháideacha, fuair sé riachtanach feidhmiú ar leibhéal caighdeánach. Chuireamar isteach roinnt cóipeanna ceadúnaithe gréasáin de AutoDesk Map 3D agus AutoDesk Architectural Desktop le h-úsáid do ailtirí agus theicneoirí. Tá traenáil bunúsach faighte ag pearsanra ábhartha ar an mbog earra seo.

Riaradh an Líonra

Tá an Rannóg Riaracháin Gréasáin go bunúsach freagrach do gach crua earra FT laistigh don gcomhairle cathrach. Do fhorbairt agus dearadh Gréasán an Chomhairle Cathrach go dtí 34 Suíomh laistigh de Theorainn na Cathrach agus Tulán Sheáin Uí Loinsigh. Déanann an rannóg cinneadh maidir le sonraí na gcrua earraí FT a sholáthraíonn an roinn Córais Eolais(CE) thar ceann na roinne agus stiúrthóireachtaí. Cothaíonn an rannóg seo gach ceangal sonraí agus sonraí slándála. Tá sé seo ag fáil níos deacra de bharr iomadú Víreas and Trojans.

I measc cuid de na tionscnaimh a fheidhmigh an Stiúrthóireacht Gréasáin i 2004 bhí:

- Ceangal nua 1 Gigabit insealbhaithe mar sheirbhís ón seirbhís dóiteáin go dtí Halla na Cathrach
- Rochtain nua cianda tríd an idirlíon do úsáideoirí ón dtaobh amuigh
- Cosaint ar turscair(spam) ar an gcóras ríomhphoist chun ríomhphoist gan iarraidh a choimeád amach.
- Tabhairt isteach nuashonrú gach uair an chloig ar Bhogearraí Fríth-Víreas
- Ceangal radio idir Teach Loingseoireachta agus Norwich Union insealbhaithe. É seo chun a cheadú do Theach Loingseoireachta(Navigatio n House) teacht ar Halla na Cathrach sa chás go dteipeann ar na ceangail atá acu.
- Freastalaí ar líne a insealbhú
- Uasghrádú ar na bogearraí cúltaca.
- Forthairiscint do Ghréasáin Rochtana Stórála.
- Scanáil bith-breathnóir do Ábhair Neamhoiriúnach ar gach Ríomhaire, Ríomhairí le Rochtain Poiblí san áireamh
- Tulán LAN Ceangailte le Halla na Cathrach LAN le snáth optaice
- Páirceáil iníoctha le aistriú go dtí Sráid Anglesea agus Teach VHI
- Treoir ar Open Source Software sa Leabharlann ar chuid de Ríomhairí le rochtain go dtí an fhoireann agus don phobal

- Inlíon curtha ar fáil do gach craobh leabharlainne.
- Uasghrádú déanta ar Rochtain Idirlíon sa Phríomh Leabharlann uasghrádaithe ó ISDN go dtí líne ar léas 256k agus tá teacht ag gach craobh leabharlainne ar an gceangal seo..
- Cartlainn ceangailte le Halla na Cathrach LAN
- Veain smachta an Bhriogáid Dóiteáin ceangailte le Halla na Cathrach LAN chun eolas a uaslódáil agus a íoslódáil.
- 2 fhreastalaí a insealbhú ar son Iasachtaí Tithíochta
- 2 fhreastalaí a insealbhú chun an córas nua Páirceála Iníoctha a fheidhmiú le trealamh lámha do na Maoir Tráchta agus íoc trí ghutháin

An Deasc Seirbhíse

Tá an Rannóg Cléireachais IS freagrach as gach glaoch cabhrach go dtí an Deasc Cabhrach a chur síos. Tá struchtúr ar chóras ár ndeisce cabhrach a ligeann don rannóg Cléireachais IS a bheith mar an t-aon phointe teagmhála idir an Roinn IS agus thart ar 702 úsáideoir ríomhaire i gComhairle Cathrach Chorcaí. Páirt don fheidhm seo is ea na glaoigh tacaíochta a thabhairt don fhoireann tacaíochta IS ábhartha. Fuair an rannóg breis agus cúig mhíle glaoch i 2004.

Tá soláthar trealamh FT do Chomhairle Cathrach Chorcaí láraithe tríd an Rannóg Cléireachais ata freagrach as ceangal leis na soláthraí éagsúla chun bogearraí agus crua earraí a cheannach. Téann an Rannóg seo i gcomhairle chomh maith le Bord Seirbhísí Ríomhaireachta an Rialtais Áitiúil maidir le ár gcomhaontú le Microsoft Enterprise Agreement, cé nach bhfuil gach táirge de chuid Microsoft ceannaithe. Gintear ordaithe ceannacháin tríd an gcóras JD Edwards agus próiseáiltear gach sonrasc laistigh don Roinn IS tríd an Rannóg seo.

Glactar le críochnú agus taifead foirmeacha chun polasaithe Idirlinn agus Ríomhaireachta a fheidhmiú chomh maith.



Comhairle Cathrach Chorcaí

Tuarascáil Bhliantúil 2004

Rannóg Reachtúil

Rannóg Reachtúil

CLÁR COMHARDAITHE AR 31ú NOLLAIG 2004

	2004 €	2003 €
Sócmhainní Seasta		
Oibríocht úil	1,412,524,882	1,401,725,306
Bonneagar	1,218,489,345	1,226,234,867
Pobal	41,079,765	39,595,825
Neamh-Oibríoch	16,000,000	16,000,000
	2,688,093,992	**2,683,555,998**
Obair Idir Lámha agus Réamh-chostais	556,516,755	389,790,194
Feichiúnaithe Fad-téarmacha	61,880,264	67,900,650
Sóchmhainní Reatha		
Stoic	193,083	162,850
Feichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí	23,688,326	19,146,853
Infheistíochtaí Bainc	59,055,532	29,336,097
Airgead Láimhe	16,692	16,051
	82,593,633	**48,661,851**
Fiachais Reatha		
(Suimeanna a bheas ag teacht laistigh de bhliain amháin)		
Rótharraingt Bhainc	6,190,521	8,236,329
Creidiúnaithe & Fabhruithe	14,444,662	11,164,205
Léasanna Airgeadais	75,111	56,317
	20,710,294	19,456,851
Glansocmhainní Reatha/ (Fiachais)	**62,243,339**	**29,205,000**
Creidiúnaithe		
(Suimeanna a bheas ag teacht tar éis níos mó ná bliain amháin)		
Iasachtaí Iníoctha	130,377,208	95,637,474
Léasanna Airgeadais	3,161,242	2,767,001
Taiscí inaisíochta	3,724,415	2,250,428
Aon rud eile	1,085,189	1,370,880
	138,348,054	102,025,783
Glansochmhainní	**3,230,386,296**	**3,068,426,059**
Maoinithe ag		
Cuntas Caipitlithe	2,688,093,992	2,683,555,998
Ioncam OIL	524,745,778	350,099,808
Cúlchiste Ioncaim Faoi Leith	167,364	69,465
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta	(611,915)	(851,179)
Comhorduithe Eile	17,991,077	35,551,968
Cúlchistí Iomlána	**3,230,386,296**	**3,068,426,059**

RÁITEAS AR CHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2004

Tógann an Ráiteas Chuntas Ioncaim agus Caiteachais le chéile an t-ioncam ar fad ioncam agus caiteachas coibhneasach. Léiríonn sé an barrachas/(an t-easnamh) don bhliain

Chaiteachas de réir chlárghrúpa	**Oll**		**Chaiteachas Glan**	
	Chaiteachas	**Ioncam**		
	2004	**2004**	**2004**	**2003**
Tithíocht & Tógáil	24,925,970	21,714,376	3,211,594	3,741,203
Bóithre Iompar & Sábháilteacht	27,105,630	19,458,421	7,647,209	9,504,529
Séarachas & Uisce	15,583,677	10,067,129	5,516,548	6,503,222
Dreasachtaí Forbartha & Srianta	4,458,712	1,141,991	3,316,721	2,325,899
Caomhnú Comhshaoil	33,055,551	18,182,237	14,873,314	10,122,976
Áineas & Áiseanna	15,227,393	1,641,746	13,585,647	13,210,114
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	9,261,872	8,139,029	1,122,843	872,363
Rudaí Ilchineálacha	7,522,013	2,060,639	5,461,374	5,703,329
Caiteachas/Ioncam Iomlán	137,140,818	82,405,568		
Glanchostas clár a bheas á maoiniú ag Rátaí & Ciste Rialtais Áitiúil			54,735,250	51,983,635
Rátaí			45,822,914	43,622,400
Ciste Rialtais Áitiúil – Deontas Ilchuspóireach			21,337,275	18,270,475
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistriúcháin			12,424,939	9,909,240
Aistriúcháin ó/(do) Chistí			(12,185,675)	(9,666,152)
Barrachas/(Easnamh) Iomlán don Bhliain			239,264	243,088
Cúlchiste Ginearálta @ 1 Eanáir			(851,179)	(1,094,267)
Cúlchiste Ginearálta @ 31 Nollaig			(611,915)	(851,179)

RÉIMSÍ CLÁR

Bóithre, Iompar & Sábháilteacht

Caiteachas Iomlán an Chláir

Ollchaiteachas 2004 €	Ioncam 2004 €	Glanchaiteachas 2004 €
27,105,630	19,458,421	7,647,209

Clár Ioncaim

San áireamh, Bealaí Náisiúnta, Bealaí Réigiúnacha, Príomhbhealaí Áitiúla, Bealaí Áitiúla Eile, Rialú & Bainistíocht Tráchta , Soilsiú Poiblí, Páirceáil Sráide Ann/As, Rudaí eile, Sábháilteacht, Riarachán, Dlite-anas poiblí agus rl. san áireamh.

Clár Caipitiúil

San áireamh, Feabhsúcháin Bóithre, Bóithre Náisiúnta, Bóithre Neamhnáisiúnacha-bealaí tráchta, Athdhromchlú ar bhóithre neamhnáisiúnacha-mionbhealaí, Deontas Réigiúnach Bainistíochta, Scéimeanna Cosc Timpistí ar Chostas Íseal, Bealach Glas agus áis Park & Ride

Faid Bóthair

Bealaí Náisiúnta 34cm
Bealaí Réigiúnacha 37cm
Bealaí Áitiúla 349cm
Caomhnú Clasáin Bóithre 14,000
Soilsiú Poiblí 13,700 Laindéar

Bainistíocht Tráchta

121 Acomhail Rialaithe ag Comharthaí Tráchta
74 Trasrian Coisithe Marcálaithe
14 Trasrian Síogach
13,000 comhartha eolas agus rialú tráchta
35 maor scoile and 2 scéim maor tráchta

Páirceáil Carr

Ar Sráid - 2,100
Carrchlós - 5,570
Áis Park and Ride – 920 spás

Buaicphointí 2004

Rannóg Dearadh/Tógáil Bóithre

- Leanúint ar Scéim Athshlachtaithe Sráid Pádraig
- Leanúint ar Scéim Athshlachtaithe Sráid an tSeandún
- Críochnaíodh leathadh amach Togra Líonra Banda Leathan Achair Cathrach Chorcaí
- Leanúint ar uasghrádú ar cheantar Bóthar Sruthchúrsa/Sráid Thomáis Dháibhís
- Tosú ar leathnú bóthair chun tógáil Idiraistriú Bhóthar Chionn tSáile a éascú
- Tógáil droichead coisithe Sheandún

RÉIMSÍ CLÁR

Rannóg Trácht Bóthair

- I mbliana osclaíodh áis nua Park & Ride Black Ash le 920 spás ar láithreán líonta talún in aice le Timpeallán Chionn tSáile
- Méadú Córas Rialú Tráchta Uirbigh SCOOT do níos mó ná 90 acomhal atá rialaithe ag soilse tráchta sa chathair agus leanúint ar chur i bhfeidhm áiseanna tosaíocht busanna ag gach acomhal .
- Críochnaíodh dhá Bhealach Glas chun gluaiseacht iompair phoiblí agus rothaithe go/ó lár na cathrach , de réir moltaí Plean Straitéiseach Limistéar Chorcaí, ó cheantar na Gráinsí /Corrach Mhic Chonmhaigh agus ó cheantar an Chorraichín/Ospidéal an hOllscoile.
- Leanúint ar iompú cuid d'fheithiclí an fhlít Cathrach ionas gur féidir leo feidhmiú le hola síol ráibe agus éascú soláthar criosanna uirbeacha glana sa chathair trí mheán tabhairt isteach mullard rialaithe i gceantair trialacha an lárcheantair ghnó.
- Tugadh isteach córas íocaíochta ar-líne d'fhíneálacha tráchta.

Rannóg Caomhnaithe Bóthair

- I rith 2004, tugadh faoi Chlár Athdhromchlú Bóthair agus Athnuachan Cosáin fairsing.
- San áireamh ar an gclár athdhromchlú bóthair, a rinneadh faoi thrí mhórchonradh, bhí 64 bealach tráchta agus 34 mionbhóthar (eastáit) i dteannta le deisiúcháin ar bhóithre eile. Rinneadh athnuachan cosáin ar mhórán de na bóithre seo. Tugadh aird faoi leith d'athdhromchlú shráideanna lár na cathrach tar éis críochnú scéim Draenáil Príomhphíopaí Chorcaí.
- Rinneadh athnuachan cosáin agus forleagan ar leithligh ar thart ar 60 bóthar eile.
- I measc obair caomhnaithe rialta eile, bhí paisteáil bóthair/deisiú linntreog, go leor deisiúcháin cosáin agus tógáil mullard.
- Leanadh ar aghaidh le caomhnú clasán draenála ar fud na cathrach agus le rialú fiaile ar bhóithre agus cosáin roghnaithe.

Rannóg Rialú Bóithre

- Dúnadh 10 bpóirse coisithe mar iarracht dul in aghaidh iompraíochta frithshóisialta
- Tabhairt isteach Córas Ceadúnais d'Fhruilitheoirí Scipí & Socrúcháin Scipí
- Córas Ceadúnas Feabhsaithe do shocrú bord agus cathaoireacha taobh amuigh de bhialanna agus rl. i dteannta leis An nGarda Síochána .
- Tabhairt isteach Scéim Traenála Rothaíochta do Bhunscoileanna
- Gnáthaimh sruthlínithe d'eisiúnt Ceadúnas Tacsaí/Fruilchairr
- Tugadh isteach struchtúr nua táille tacsaí

RÉIMSÍ CLÁR

Pleanáil agus Forbairt

Dreasachtaí Forbartha agus Rialú

Caiteachas Iomlán an Chláir

Ollchaiteachas 2004 €	Ioncam 2004 €	Glanchaiteachas 2004 €
4,458,712	1,141,991	3,316,721

Líon Iarratas Pleanála a Próiseáladh	877
Ioncam Iomlán ó Tháillí Pleanála	€948,732
Daonra Chathair Chorcaí (Daonáireamh 2002)	123,338
Achar Talún Cathair Chorcaí (heicteáir)	3,731
Líon teaghlach sa Chathair (Daonáireamh 2002)	41,294

Thionóil an Coiste Straitéiseach Pleanála agus Forbartha 4 chruinniú i 2004
Smaoiníodh ar na ceisteanna seo leanas.

- Taifead Struchtúr Cosanta
- Scéim Ranníocaíochta Forbartha
- Tuarascálacha ar Dhaonáireamh 2002
- Monatóir Eacnamaíochta Chorcaí
- Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha
- Plean Gníomhaíochta Cheantar Shráid Mhargadh an Arbhair
- Polasaí Caighdeáin Rothaíochta

Buaicphointí 2004

- Seoladh Plean Forbartha Chathair Chorcaí 2004 go 2009
- Seoladh áis fiosrúchán Pleanála Ar Líne ar **www.corkcity.ie**
- Cur i bhfeidhm Scéim Ranníocaíochta Forbartha a chuirfear ar bun ó 12 Eanáir 2004.

RÉIMSÍ CLÁR

Áineas agus Áiseanna

Caiteachas Iomlán an Chláir

Ollchaiteachas 2004 €	Ioncam 2004 €	Glanchaiteachas 2004 €
15,227,393	1,641,746	13,585,647

Galfchúrsa Cathrach Ted McCarthy

Figiúirí Freastail	30,312
Táillí bailithe	€482,772

Linnte Snámha

Figiúirí Freastail	90,766

Leabharlann Na Cathrach

Léitheoirí Cláraithe	19,340
Eisiúintí Leabhar	971,186
Eisiúintí Ceoil	141,175
Táillí Leabharlainne	€234,553

Buaicphointí 2004

- Toirbhirt pailliún gailf nua, Club Gailf Mahon
- Athfhorbairt Linn Matt Talbot, Churchfield
- Athfhorbairt páirceanna ag Naomh Anna, Seandún
- Athfhorbairt páirce ag Bóthar Loch Machan
- Athfhorbairt páirce ag Plásóg Ghleann na Muaidhe
- Athfhorbairt páirce ag Leabharlann Bhóthar na mBuaircíní
- Athfhorbairt Méadú Iarsmalainne pas 2
- Tosnú Áitreabh Cartlainne nua
- Tosnú Áitreabh Cosanta Sibhialta
- Tosnú Leabharlainne nua ag Bóthar na mBuaircíní
- Oibreacha athchóirithe an Mainistir Rua
- Áiteanna súgartha nua ag Machan, An Gleann, Gort Popham agus Cnoc na hAoine
- Baint amach Teastas ISO 14001 do chórais bainistíochta comhshaoil

RÉIMSÍ CLÁR

Caomhnú Comhshaoil

Caiteachas Iomlán an Chláir

Ollchaiteachas 2004 €	Ioncam 2004 €	Glanchaiteachas 2004 €
33,055,551	18,182,237	14,873,314

Briogáid Dóiteáin - Glaonna	4,136
Saorálaithe Cosanta Sibhialta	97
Líon ceadúnas faoin Acht um Rialú Madraí	1,200
Líon iarratas ar Theastais Sábháilteachta Dóiteáin i rith 2004	286

Tithíocht agus Tógáil

Caiteachas Iomlán an Chláir

Ollchaiteachas 2004 €	Ioncam 2004 €	Glanchaiteachas 2004 €
24,925,970	21,714,376	3,211,594

Stoc Tithíochta i gcathair Chorcaí	36,039
Príobháideach	-
Á chíosú ag údarás áitiúil	7801
Ceannaithe ag údarás áitiúil	-
Líon iomlán ar an liosta tithíochta ar 31/12/04	4,766
Líon a fuair tithíocht ón liosta feithimh	338
Meánchíos seachtainiúil	E35.68
Ioncam cíosa iomlán	€13,973,101
Costais caomhnaithe	€8,739,960
Ranníocaíocht do ghrúpaí tithíochta deonaí	€47,000
Iasachtaí ceannaithe tí a eisíodh	7
Iasachtaí atógála a eisíodh	8
Deontas daoine le míchumais (ceadaithe)	174
Formheasta faoin scéim úinéireachta roinnte	87
Líon críoch úinéireachta roinnte	5
Líon aonaid tithíochta deonaí á dtógáil	193
Líon aonaid tithíochta deonaí dá bhfuil maoiniú ceadaithe	19

Buaicphointí 2004

- 257 líon. aonad a bhí críochnaithe nó ag druidim i dtreo críche ag deireadh 2004
- Aontaíodh ar théarmaí ceannaigh do 90 líon tithe i rith na bliana.
- Tá Athfhorbairt árasán na Linne Duibhe agus Togra Athnuachana an Ghleanna ag druidim i dtreo críche.
- Oscailt Oifig an Cheantair Deiscirt i Márta 2004
- Foilsiú Plean Gníomhaíochta Sóisialta agus Inacmhainne 2004-2008

RÉIMSÍ CLÁR

Comhshaol

Soláthar Uisce agus Séarachas

Caiteachas Iomlán an Chláir

Ollchaiteachas 2004 €	Ioncam 2004 €	Glanchaiteachas 2004 €
15,583,677	10,067,129	5,516,548

Fad Píopaí Uisce	thart ar 650km
Éileamh Uisce Cathair Chorcaí (Méadair ciúbaithe in aghaidh an lae)	thart ar 66000
Fad Séarach	thart ar 517km

Buaicphointí 2004

Seirbhísí Uisce (Soláthar Uisce & Séarachas)

- Críochnaíodh tógáil, coimisiúnú agus tástáil Ionad Cóireála Fuíolluisce ag Carrigrennan sa bhliain 2004. Anois tá sé ag pas oibriúcháin an chonartha.
- Críochnú an Scéim Séarachais an Oileáin Bhig
- Críochnú lintéar an Ghleanna, Bride agus Kiln ag An Linn Dubh
- Críochnú na n-oibreacha deiridh ag Oileán Lár na Cathrach Conradh Uimh.2 (Draenáil Príomhphíopaí Chorcaí)
- Athinmhiú príomhphíopaí uisce i Lár na Cathracha I dteannta le Draenáil Príomhphíopaí Chorcaí
- Athinmhiú príomhphíopaí uisce i dteannta leis an réimse phoiblí agus scéimeanna eile ag an Linn Dubh agus Sráid Sheandún.

RÉIMSÍ CLÁR

Seirbhísí Ilghnéitheacha

Caiteachas Iomlán an Chláir

Ollchaiteachas 2004 €	Ioncam 2004 €	Glanchaiteachas 2004 €
7,522,013	2,060,639	5,461,374

Ráta sa Euro	€ 64.52
Rátaí Bailithe	€ 46,009,512
Táillí Bruscair Bailithe (táillí. trádálacha san áireamh)	€ 10,791,529
Líon Seamlas ag feidhmiú faoi cheadúnas laistigh den chontaebhuirg	1
Líon ainmhithe sleachtaithe	12,000
Líon asraon miondíola ar Fhir Déirí Cláraithe laistigh den chontaebhuirg	0

Seirbhísí Tacaíochta

Cuireann Seirbhísí Tacaíochta le haidhmeanna na n-ocht clár trí mheán na príomhsheirbhísí seo leanas a sholáthar; dáiltear an costas thar na cláir éagsúla.

- Roghnú agus earcaíocht foirne
- Soláthar struchtúr foirne oiriúnach
- Oiliúint agus leas foirne, Caidreamh Tionscail
- Cúiteamh Rannóige Dlí
- Iniúchadh Árachas
- Costais Ball
- Íocaíochtaí do chomhlachtaí seachtracha
- Caomhnú Lóistíne
- Foireann

Foireann iomlán (gach grád) foireann páirt-aimseartha agus sealadach ina measc fostaithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí ar 31/12/2004: 1596

TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE

TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE

E&C: Seirbhísí Ealaíona agus Cultúrtha

Deontais Ealaíona E & C.1

- líon deontas ealaíona dáilte	80
- luach iomlán deontas ealaíona dáilthe in aghaidh 1,000 sa daonra	2863

GCP: Glacadh Páirte agus Comhoibriú Pobail-D'Údarás Áitiúil

GCP.1 Céatadán de scoileanna áitiúla a raibh baint acu le Comhairle na n-Óg áitiúil/ scéim Chomhairle na n-Óg	0

C: Ceisteanna Corparáideacha

C.1 Céatadán de laethanta oibre caillte mar thoradh ar neamhláithreacht tinnis trí

- cead deimhnithe	3.45
- cead neamhdheimhnithe	0.79

C.2 Caiteachas ar Oiliúint agus Forbairt mar cheatadán de chostais iomlána párolla	3.37

C: Seirbhísí Comhshaoil

Uisce

C.1 Céatadán den chainéal abhann atá

(a) Neamhthruaillithe	5
(b) Ar bheagán truailliú	10
(c) Meán-truaillithe	10
(d) Tromthruaillithe	75

Trácht ginearálta do C.1: Tá monatóireacht á dhéanamh ar abhainn na Laoi faoi pheiriméadair beatha iasc agus uisce snámha. Níl aon áiteanna snámha ainmnithe laistigh de limistéar riaracháin Comhairle Cathrach Chorcaí agus mar thoradh ar seo, má smaoinítear ar choinníoll uisce na habhann faoin gcaighdeán beatha iasc a bheadh ní ba oiriúnaí i gcás Chorcaí, mheasfaí go bhfuil 90% den abhainn neamhthruaillithe agus go bhfuil 10% di meán-truaillithe

C.2 Céatadán de thorthaí anailís uisce óil atá ag cloí le ceangaltais reachtúla maidir le

- scéimeanna poiblí	96.3
- scéimeanna príobháideacha (áit a bhfuil sé oiriúnach)	N/B

Seirbhís Dóiteáin

C.3 Meán-am a thógann sé briogáid dóiteáin a ghluaiseacht

- stáisiúin lán-aimseartha	1.23
- stáisiúin pháirt-aimseartha	N/B

C.4 Céatadán freastail ag láithreacha áit a tharlaíonn

- an chéad fhreastal ag an láthair laistigh de 10 nóiméad	83.43
- an chéad fhreastal ag an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	15.45
- an chéad fhreastal ag an láthair tar éis 20 nóiméad	1.12

C.5 Cosc dóiteáin- Líon iomlán iarratais teastas dóiteán

- a fuarthas	286
- a próiseáladh	244

Bainistíocht Bruscair

C.6 Céatadán de theaghlaigh a soláthraíodh bailiú dramhaíola leithscartha dóibh	75
C.7 Céatadán d'fhuíoll teaghlaigh a bailíodh agus a rinneadh athchúrsáil air	2.55

Tosaíodh bailiú dramhaíola leithscartha doras go doras ar 1 Lúnasa 2004 agus tiocfaidh méadú mór ar na figiúirí seo i 2005.

TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE

C.8 Céatadán d'fhuíoll teaghlaigh ag dul go líonadh talún	97.45
C.9 Áiseanna athchúrsála	
Gloine	
Líon Láithreáin Tógáil Leat	36
Líon Láithreáin Áise Cathracha	1
Líon Iomlán Áiseanna	37
Líon suíomhanna in aghaidh 5000 sa daonra	1.5
Tonnáiste fuíll a bailíodh d'athchúrsáil in aghaidh 5000 sa daonra	65.87
Cannaí	
Líon Láithreáin Tógáil Leat	7
Líon Láithreáin Áise Cathrach	1
Líon Iomlán Áiseanna	8
Líon suíomhanna in aghaidh 5000 sa daonra	0.33
Tonnáiste fuíll a bhailíodh d'athchúrsáil in aghaidh 5000 sa daonra	59.71
Teicstílí	
Líon Láithreáin Tógáil Leat	1
Líon Láithreáin Áise Cathrach	0
Lion Iomlán Áiseanna	1
Líon suíomhanna in aghaidh 5000 sa daonra	0.04
Tonnáiste fuíll a bailíodh d'athchúrsáil in aghaidh 5000 sa daonra	2.1
Batairí	
Líon Láithreáin Tógáil Leat	0
Líon Láithreáin Áise Cathrach	1
Lion Iomlán Áiseanna	1
Líon suíomhanna in aghaidh 5000 sa daonra	0.04
Tonnáiste fuíll a bailíodh d'athchúrsáil in aghaidh 5000 sa daonra	0.58
Ola	
Líon Láithreáin Tógáil Leat	0
Líon Láithreáin Áise Cathrach	1
Líon Iomlán Áiseanna	1
Líon iomlán suíomhanna in aghaidh 5000 s daonra	0.04
Tonnáiste fuíll a bailíodh d'athchúrsáil in aghaidh 5000 sa daonra	0.93
Rudaí Eile	
Líon Láithreáin Tógáil Leat	5
Líon Láithreáin Áise Cathrach	1
Líon Iomlán Áiseanna	6
Líon suíomhanna in aghaidh 5000 sa daonra	0.33
Tonnáiste fuíll a bailíodh d'athchúrsáil in aghaidh 5000 sa daonra	59.71
COSC BRUSCAIR AGUS CUR I BHFEIDHM COMHSHAOIL	
C.10 Bruscar – Líon Maor Bruscair	
Líon iomlán maor bruscair lán-aimseartha	3
Líon iomlán maor bruscair páirt-aimseartha	0
Líon iomlán maor bruscair (maoir lán-aimseartha agus páirt-aimseartha araon) in aghaidh 5000 sa daonra	0.12
Líon fíneálacha ar an láthair	475
Líon cásanna ionchúisimh a tógadh toisc nár íocadh fíneálacha ar an láthair	0
Líon ionchúiseamh a cuireadh i bhfeidhm	0
Ceatadán de cheantair laistigh den údarás áitiúil atá	
- neamhthruaillithe (sé sin gan bhruscar)	2
- ar bheagán truailliú le bruscar	60
- meán-truaillithe le bruscar	35
- ar mhórán truailliú le bruscar	3
- tromthruaillithe le bruscar	0

TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE

C.11 Gearáin agus Cur i bhfeidhm Comhshaoil

- líon iomlán cásanna atá faoi réir gearán maidir le truailliú comhshaoil (maidir le fuíoll, bruscar, truailliú uisce, truailliú fuaime, truailliú aeir)	2060
- líon gearán a fiosraíodh	2060
- líon imeachtaí cur i bhfeidhm a tógadh	480

Trácht ginearálta do C.11: 2060 ab ea líon iomlán gearán/ceisteanna, fiosraíodh iad ar fad. Díbheadh 85 acu mar thoradh ar iad a bheith gan chruthú. Cuireadh imeachtaí cur i bhfeidhm chun cinn do 480 cás agus maidir leis an gcuid eile dúnadh na comhaid toisc gur réitíodh na fadhbanna.

C.12 Ceatadán de Scoileanna ag glacadh páirte i bhfeachtais comhshaoil

- méanscoileanna	10
- bunscoileanna	10

T: Tithíocht

T.1 Folúntais Tithíochta

Líon iomlán teagmhas i stoc údaráis áitiúil	7801
% iomlán teagmhas atá á gcíosú	97.7
% iomlán teagmhas atá folamh	4.6
% teagmhas folamh atá faoi réir mórscéimeanna athchóirithe	55.1
% teagmhas folamh nach bhfuil ar fáil do chíosú	79
% teagmhas folamh atá ar fáil do chíosú	21

T.2 Meán am a tógadh teagmhais atá ar fáil a athchíosú (i seachtainí) 4

T.3 Líon deisiúchán a críochnaíodh mar chéatadán de líon iarratais bhailí deisiúcháin a fuarthas 93

T.4 Meánam a tógadh iarratasóirí a chur ar an eolas maidir le cinneadh an údaráis áitiúil ar:

- an scéim úinéireachta roinnte (i laethanta)	5
- iasachtaí tithíochta (i laethanta)	9
- tithíocht údaráis áitiúil (i laethanta)	32

T.5 Lóistín don Lucht Taistil

Líon iomlán clann ón lucht taistil ar tugadh lóistín dóibh mar chéatadán de na spriocanna a leagadh amach sa chlár loistín áitiúil don lucht taistil 92

L: Seirbhísí Leabharlainne

L.1 Uaireanta oscailte poiblí

- meánlíon uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine do leabharlanna lán-aimseartha	38.5
- meánlíon uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine do leabharlanna páirt-aimseartha (áit a bhfuil sé bainteach)	N/B

L.2 Líon ball leabharlainne cláraithe mar chéatadán den daonra áitiúil 17.28

L.3 Líon earraí a eisíodh in aghaidh an duine sa daonra (ar fud an chontae/na cathrach) do

(a) Leabhair	6
(b) Rudaí eile	0.8

L.4 Céatadán de leabharlanna a thairgeann rochtain idirlín don phobal 100

TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE

L.5 Líon seisiún Idirlín soláthraithe in aghaidh 1,000 sa daonra 454

M: Mótarchánachas

M.1: Céatadán de bhearta mótarchánachais a

- téitear i ngleic leo thar an gcuntar N/B
- téitear i ngleic leo tríd an bpost N/B
- téitear i ngleic leo ar bhealaí eile (m.sh. ar líne, ar an teileafón) N/B

M.2: Líon iarratais poist a théitear i ngleic leo (sé sin go n-eisítear diosca/ceadúnas tiománaí) ó fuarthas an t-iarratas

(a) Ar an lá céanna N/B
(b) Ar an tríú lá nó níos luaithe N/B
(c) Ar an gcúigiú lá nó níos luaithe N/B
(d) Níos déanaí ná cúig lá N/B

Céatadán iomlán iarratais poist a théitear i ngleic leo (sé sin go n-eisítear diosca/ceadúnas tiománaí) ó fuarthas an t-iarratas

(a) Ar an lá céanna N/B
(b) Ar an tríú lá nó níos luaithe N/B
(c) Ar an gcúigiú lá nó níos luaithe N/B
(d) Níos déanaí ná cúig lá N/B

M.3 Uaireanta oscailte poiblí

- meánlíon uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine N/B

P: Pleanáil agus Rialú Tógála

P.1 Iarratais Phleanála- Cinnteoireacht

Tithe Aonair

Líon iarratas ar cinneadh orthu 91
% iarratas iomlán ar cinneadh orthu laistigh d'ocht seachtainí 97
Meánfhad ama a tógadh cinneadh ar iarratas áit a raibh níos mó eolais á lorg (i laethanta) 78
Tógann sé san áireamh tréimhse reachtúil 56 lá
% deontas 67
As na 877 cinneadh a eisíodh, cead tugtha a bhí i gceist le 701 acu
% diúltaithe 33
Bhí 30 cás as 176 cás ar fad. As na 176 cás seo bhí thart ar 60 ag baint le forbairt aonaid tithíochta, árasán agus srl a bhí i láithreáin cúil i dtithe a bhí ann cheana nó forbairt talaimh cúil. Is féidir le hiad seo deacrachtaí móra a chruthú do chónaitheoirí i réimse na príobháideachta, blocáil solais agus srl. Bhí cuid acu le forbairt ag Struchtúir Chosanta. Is é atá sa chuid is mó den fhorbairt ná páirc dhonn/láithreáin inlíonta/athnuachan uirbeach. Níl teacht ar láithreáin ghlasa cosúil le hÚdaráis Áitiúla eile
% cásanna nuair a dheimhnigh An Bord Pleanála an cinneadh 17
Ginearálta don cholún seo (F): As na 110 cinneadh, baineann 41 acu leis an líon cinntí a dheimhnigh An Bord Pleanála.
% cásanna nuair a raibh cinneadh An Bord Pleanála éagsúil 58
Ginearálta don cholún seo (G): As na 110 cinneadh a rinneadh, bhain 50 ceann le cásanna nuair a cloíodh le cinneadh an Chomhairle Cathrach agus athraíodh na coinníollacha .
% cásanna nuair a d'iompaigh an Bord Pleanála an cinneadh 25
Ginearálta don cholún seo (H): Den 110 cinneadh bhain13 le cásanna ina raibh cinneadh Chomhairle Cathrach Chorcaí freaschurtha ag an mBord Pleanála. Maidir leis na sé cás a bhí fágtha dhíbligh An Bord Pleanála 2 cheann agus aistarraingíodh 4 cheann.

Forbairt Tithíochta

Líon na n-iarratas a cinneadh 108
% iarratais iomlána a cinneadh laistigh de 8 seachtaine 91
Meánmhéid ama a thóg sé iarratas a bhfuil gá le tuilleadh faisnéise ina leith a chinneadh (méid laethanta) 79
Tá an tréimhse reachtúil de 56 lá san áireamh
% deontais 58
% diúltaithe 42

TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE

As líon iomlán de 176 diúltú, bhain 45 acu le forbairt tithíochta

% cásanna a bhfuil an cinneadh daingnithe ag an mBord Pleanála	53
% cásanna a bhfuil an cinneadh athraithe ag an mBord Pleanála	41
% cásanna a bhfuil an cinneadh freaschurtha ag an mBord Pleanála	6

Eile: níl gá le EIA

Líon na n-iarratas a cinneadh	675
% iarratais iomlána a cinneadh laistigh de 8 seachtaine	98
Meánmhéid ama a thóg sé iarratas a bhfuil gá le tuilleadh faisnéise ina leith a chinneadh (méid laethanta)	77

Tá an tréimhse reachtúil de 56 lá san áireamh.

% deontais	85
% diúltaithe	15

As líon iomlán de 176 diúltú bhain 102 acu leis an gcatagóir seo

% cásanna a bhfuil an cinneadh daingnithe ag an mBord Pleanála	37
% cásanna a bhfuil an cinneadh athraithe ag an mBord Pleanála	49
% cásanna a bhfuil an cinneadh freaschurtha ag an mBord Pleanála	14
Líon na n-iarratas a cinneadh	3

Forbairtí suntasacha a bhí sna trí fhorbairt sa chás seo, nárbh fhéidir a mheas laistigh de thréimhse ama 8 seachtaine agus tugadh síntí ama don trí chás seo.

% iarratais iomlána a cinneadh laistigh de 8 seachtaine	0
Meánmhéid ama a thóg sé iarratas a bhfuil gá le tuilleadh faisnéise ina leith a chinneadh (méid laethanta)	78

Tá an tréimhse reachtúil de 56 lá san áireamh.

% deontais	100
% diúltaithe	0
% cásanna a bhfuil an cinneadh daingnithe ag an mBord Pleanála	0
% cásanna a bhfuil an cinneadh athraithe ag an mBord Pleanála	100
% cásanna a bhfuil an cinneadh freaschurtha ag an mBord Pleanála	0

P.2 Forfheidhmiú Pleanála

- líon iomlán na gcásanna faoi réir gearán a iniúchtar	292

Is iad na príomhchuspóirí comhlíonadh leis an gcód pleanála a chinntiú. Áiríonn sé seo idirbheartaíocht le freagróirí de bhun gearán scríofa a fhaightear. Nuair is féidir, moltar d'fhreagróirí iarratas foirmiúil do choinneáil na forbartha a sheoladh isteach. Éascaíonn sé seo aighneachtaí scríofa a chur chuig an Údarás Pleanála nó An Bord Pleanála.

- líon iomlán na gcásanna faoi réir gearán atá dífe	0

Bhí 280 cás dúnta/réitithe (lena n-áirítear cásanna do 2004 agus blianta roimhe sin)

- líon na ngnáthamh forfheidhmiúcháin a rinneadh trí litreacha rabhaidh	193

Eisíodh 485 litir rabhaidh.

- líon na ngnáthamh forfheidhmiúcháin a rinneadh trí fhógraí forfheidhmiúcháin	9

Eisíodh 262 fógra faoi alt 8.

- líon na n-ionchúiseamh	1

P.3 Uaireanta oscailte don phobal

- meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine	31

P.4 Meánmhéid ama ón iarratas ar chomhairliú le pleanálaí an údaráis áitiúil go dtí an cruinniú foirmiúil do chomhairliú réamhphleanála (méid laethanta)	10
P.5 Foirgnimh iniúchta mar chéatadán de na foirgnimh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil	52

TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE

Áineas: Seirbhísí Áineasa

Áineas.1 Líon na n-áiteanna súgartha do leanaí do gach 1,000 den daonra

- á chur ar fáil go díreach ag an údarás áitiúil	0.65
- éascaithe ag an údarás áitiúil	0

Áineas.2 Líon na gcuairteoirí chuig an údarás áitiúil éascaithe ag áiseanna snámha do gach 1,000 den daonra	4656

Ioncam: Bailiúchán Ioncaim

Ioncam.1 Cíos Tí

(a) Méid bailithe ag deireadh na bliana mar chéatadán den mhéid dlite	92.81
(b) Céatadán na riaráistí	
(i) 4-6 seachtaine	9.27
(ii) 6-12 seachtaine	17.67
(iii) níos mó ná 12 seachtaine	57.24

Ioncam.2 Iasachtaí Tithíochta

(a) Méid bailithe ag deireadh na bliana mar chéatadán den mhéid dlite	89.91
(b) Céatadán na riaráistí	
(i) 1 mhí	25.53
(ii) 2-3 mhí	25.46
(iii) níos mó ná 3 mhí	49.01

Ioncam.3 Rátaí Tráchtála

Méid bailithe ag deireadh na bliana mar chéatadán den mhéid dlite	91.25

Ioncam.4 Muirir Bhruscair

Céatadán na dteaghlach ag íoc muirir bhruscair ag deireadh na bliana	75.49

Ioncam.5 Muirir Uisce Neamh-Theaghlaigh

Méid bailithe ag deireadh na bliana mar chéatadán den mhéid dlite	42.53

R: Bóithre

R.1

Bóithre áitiúla agus réigiúnacha ar cóiríodh na dromchlaí in aghaidh na bliana (méadair chearnacha)	N/B
Céatadán na mbóithre áitiúla agus réigiúnacha ar cóiríodh na dromchlaí in aghaidh na bliana	N/B

FEIDHMIÚ NA COMHAIRLE

	Líon na gCruinnithe 2004	Líon na mBall Comhairle
Bord Sláinte an Deiscirt	6	6
Coiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí	13	8
Port of Cork	11	2
Comhchomhairle Chathair Chorcaí/Chontae Chorcaí		
Coiste Comhairle	6	10
Comhlachas Údarás Bardasach na hÉireann	-	-
Comhairle Ghinearálta na gComhairlí Contae	-	-
Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir	10	2
Údarás Réigiúnach an Iardheiscirt	6	10
Coiste Comhairleach na Séadchomharthaí Stairiúla	-	-
Béilí Scoile	1	3
Coiste Comhairleach Mhúsaem Poiblí Chorcaí	n/b	n/b
Coiste Leabharlann Poiblí Chorcaí	n/b	n/b
Coiste Forbartha Pobail	3	16
Coiste Ealaíon	7	9
Coiste Comhairleach um Ealaín Phoiblí	1	1
Coiste Comhairleach ar Chóiríocht don Lucht Siúil	10	8
An Coiste Stiúrtha	0	5
Coiste Comhairleach Bainistíochta Chorcaí		
Ionad Spóirt Réigiúnaigh	3	3
Coiste Comhairleach Bainistíochta Bhaile na mBocht		
Ionad Spóirt	2	1
Coiste Comhairleach Bainistíochta ar Áineas		
Ionad Scoil Stiofáin Naofa	n/b	n/b
Coiste Comhairleach Bainistíochta an Ionaid Áineasa		
Scoil Mhic Suibhne	n/b	n/b
Coiste Bainistíochta an Municipal Golf Course	0	6
Bord Firkin Crane Development Co. Ltd.	-	-
Bord Everyman Palace Theatre	-	-
Bord Cork Opera House	-	6
Bord National Sculpture Factory	6	2
Cumann Talmhaíochta na Mumhan	-	-
Coiste Tithíochta	11	15
Coiste Timpeallachta	6	15
Airgeadas & Cuspóirí Ilghnéitheacha/Pleanáil & Eorpach		
Coiste Gnóthaí	6	15
Coiste Iompair Bóithre & Sábháilteachta	10	15
Grúpa um Beartas Corparáideach	11	6
Seirbhísí Tithíochta & Pobail SPC	1	6
Bóithre & Iompar SPC	2	6
Forbairt & Pleanáil SPC	4	7
Timpeallacht SPC	1	6
Áineas, Taitneamhacht & Cultúr SPC	3	6

An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001

Cuireann alt 75 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 ar chumas Chomhairle Cathrach Chorcaí baint a bheith aici le socruithe maidir le gníomhaíochtaí nasctha etc. In 2004 chaith Comhairle Cathrach Chorcaí **€49,764**.

I measc na ngníomhaíochtaí a rinneadh bhí:

1. Méaraí ó Chathracha Nasctha ag teacht ar cuairt
2. Deontais Nasctha
3. Rennes Fair 2003

Alt 76 d'Acht 2001

Speansais Siamsaíochta agus Speansais Ghaolmhara
€69,219

Fáiltithe Cathartha
€66,973

COTHROMAÍOCHT INSCNE SAN EARCAÍOCHT

Comórtas	Líon na n-iarratasóirí Fireann/Baineann	Curtha ar an bpainéal Fireann/Baineann	Ceaptha Fireann/Baineann
Innealtóir Cónaitheach (Bóithre)	27/3	8/2	3/0
Saoiste Ginearálta Cúnta (Roinn Ghlantach)	20/2	5/0	1/0
Saoiste Ginearálta (Bóithre & Iompar)	7/0	1/0	1/0
Teicneoir Sealadach Grád II (Suíomh Líonta Talún)	21/18	7/8	1/1
Innealtóir Cónaitheach (Linn Snámha Chnoc na Cille)	11/2	5/2	1/0
Tríú Oifigeach sa Roinn Dóiteáin	10/0	10/0	3/0
Cúntóir Leabharlainne	51/103	8/17	6/5
Freastalaí (Cork Archives Institute)	126/13	9/2	2/0
Saoiste Ginearálta Cúnta (Bóithre)	4/0	2/0	1/0
Taitneamhachtaí Sealadacha Spóirt & Pobail - Oifigeach Forbartha	10/13	0/3	0/0
Oifigeach Stáisiúin	6/0	6/0	3/0
Oifigeach Fo-Stáisiúin	12/0	8/0	5/0
Príomh-Chomhraiceoir Dóiteáin	16/0	8/0	5/0
Oifigeach Cléireachais	104/336	17/59	1/0
Oifigeach Cléireachais Rúnaíochta	16/229	1/44	1/0
Oifigeach Cléireachais Speisialta	23/22	6/4	0/0
Saor Sealadach	1/0	1/0	1/0
Príomh-Innealtóir Sealadach	5/2	0/1	0/1
Pluiméir Sealadach	1/0	1/0	1/0
Tiománaí/Cabhróir Sealadach – Oibrí Ginearálta	4/0	3/0	4/0
Oibrí Ginearálta Sealadach – Glantach	40/0	16/0	12/0
Innealtóir Sinsearach Gníomhach – Teoranta	14/2	6/2	1/0
Oifigeach Ealaíona – Teoranta	0/3	0/1	0/1
Maoirseoir Reilige – Teoranta	4/0	Níor cháiligh iarrthóirí ar bith	
Aturnae Feidhmiúcháin	0/8	0/1	0/1
Oifigeach Cumarsáide (freagracht speisialta don Ghaeilge)	14/32	1/2	0/0
Innealtóir Cónaitheach Tionscadail (Acomhal Bhóthar Chionn tSáile)	11/0	1/0	0/0
Innealtóir Sinsearach Cónaitheach (Acomhal Bhóthar Chionn tSáile)	18/1	5/1	0/0
Innealtóir Cónaitheach (Acomhal Bhóthar Chionn tSáile)	28/4	10/0	1/0
Cléireach Oibreacha (Acomhal Bhóthar Chionn tSáile)	15/1	8/0	0/0
Teicneoir Sealadach Grád2	3/1	1/1	1/1
Saoiste - Leictreach (Trácht)	2/0	1/0	1/0
Oifigeach Riaracháin	23/26	6/7	0/1
Pleanálaí Feidhmiúcháin	4/8	1/4	0/0
Bainisteoir Forhalla (Tithíocht)	6/6	Níor cháiligh iarrthóirí ar bith	
Ailtire Feidhmiúcháin Shealadaigh	0/1	0/1	Tairiscint Diúltaithe
Príomh-Theicneoir	16/1	3/0	1/0
Teicneoir Feidhmiúcháin Shinsearaigh	14/3	7/0	1/0
Teicneoir Feidhmiúcháin	12/5	5/1	2/0

COTHROMAÍOCHT INSCNE SAN EARCAÍOCHT

Teicneoir Grád I	13/1	5/1	1/0
Teicneoir Sibhialta Grád 2	10/11	6/0	0/0
Teicneoir Ailtireachta/Tógála Grád II	8/2	4/1	0/0
Príomh-Chigire Uisce (Teoranta)	4/0	4/0	1/0
Péintéir Sealadach	5/0	3/0	3/0
Maoirseoir Reilige	25/3	2/0	0/0
Cigire Tógála & Sráide (Teoranta)	19/2	5/1	3/0
Cléireach Oibreacha (Teoranta)	7/0	4/0	2/0
Oifigeach Sábháilteachta (Teoranta)	1/0	1/0	0/0
Cigire Oibríochtaí & Cothabhála (teoranta)	4/0	2/0	1/0
Maor Plásóg Cúnta Faoi Oiliúint (Teoranta)	1/0	Níor cháiligh iarrthóirí ar bith	
Bainisteoir Forhalla – Tithíocht (Dara Comórtas)	2/2	2/2	0/0
Feisteoir/Meicneoir Sealadach – Páirceanna	3/0	1/0	1/0
Innealtóir Feidhmiúcháin	11/4	5/2	0/0
Pleanálaí Cúnta	18/12	4/5	0/0
Oifigeach Oidhreachta	10/26	0/0	0/0
Cúntóir Leabharlainne	-	-	-
Saor Sealadach	2/0	2/0	1/0
Pluiméir	4/0	4/0	1/0
Cigire Oibríochtaí & Cothabhála (Trácht)	4/0	2/0	1/0
Teicneoir Sibhialta Grád 2	10/11	5/0	2/0
Oifigeach Riaracháin	10/17	2/6	1/0
Oifigeach Foirne Cúnta	74/178	2/6	0/2
Oifigeach Foirne Sinsearaí	17/33	7/8	1/0
Oifigeach Foirne	25/57	9/6	0/1
Innealtóir Cúnta	17/8	6/1	4/0
Pleanálaí Feidhmiúcháin	3/8	1/2	1/1
Innealtóir Feidhmiúcháin	18/5	9/0	2/0
Comhordaitheoir Sealadach ar Chlár RAPID	16/33	1/7	0/1
Oibrithe Ginearálta	190/1	71/1	21/1
Comhraiceoirí Dóiteáin ar Promhadh	4/53	17/40	0/6

Céatadáin Iomlána

Iarratasóirí Baineanna	43%
Iarratasóirí Fireanna	57%
Painéalaithe Baineanna	35%
Painéalaithe Fireanna	65%

TUARASCÁIL DHEIREANACH AR DHUL CHUN CINN - PLEAN CORPARÁIDEACH 2001 - 2004

Ghlac an Chomhairle Cathrach le Plean Corparáideach Chomhairle Cathrach Chorcaí 2001 – 2004 ag an gcruinniú a bhí ar siúl an 26 Márta, 2001. Is é atá sa chuid seo leanas ná tuarascáil dheireanach a chuireann síos ar an dul chun cinn atá déanta ag na príomhsholáthraithe seirbhíse go dtí Mí na Nollag 2004, maidir leis na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean a bhaint amach.

TITHÍOCHT AGUS AN POBAL

Beartaíodh sa Chlár Tógála Tithíochta go mbeadh 1000 aonad tithíochta á gcur ar fáil, agus tógadh 100 aonad tithíochta sa bhreis ar an sprioc seo. Chuir an earnáil dheonach níos mó aonad ar fáil ná mar a bhí beartaithe acu freisin. Ba é an sprioc a bhí acu 300 aonad ach críochnaíodh 447 aonad. Tá 138 aonad curtha ar fáil faoi Scéimeanna Tithíochta Inacmhainne thar an tréimhse, tá 67 aonad á dtógáil faoi láthair agus tá 345 aonad á bpleanáil faoi láthair.

Tá scéimeanna athnuachana ar siúl faoi láthair nó beartaithe do na ceantair seo atá sa chathair – An Gleann, An Tóchar agus Cnoc na hAoine. Tá Oifigí Tithíochta Ceantair oscailte in Iarthuaisceart agus Oirthuaisceart na cathrach. Tá Oifig Ceantair an Deiscirt suite ag Halla na Cathrach. Tá na hOifigí Ceantair freagrach as measúnú cíos maraon le bailiúcháin, riaráistí, stiúradh agus forfheidhmiú. Faightear 70% den bhailiúchán anois trí chórais asbhainte uathoibríocha atá go mór chun cinn ar an sprioc 50% a bhí acu ag an tús.

D'fhonn a chinntiú go ndéantar bainistíocht agus cothabháil cheart ar chóiríocht do dhaoine gan dídean, tá Aonad do Dhaoine gan Dídean bunaithe. Tá Oifigeach do Dhaoine gan Dídean agus Oifigeach For-Rochtana ceaptha. Rinneadh mionanailís ar easpa dídine agus críochnaíodh agus ceadaíodh Straitéis Comhtháite Easpa Dídine. Tá an straitéis seo á cur i bhfeidhm faoi láthair agus tá athbhreithniú á dhéanamh ar an dul chun cinn.

Tá Rannóg tiomanta bunaithe le déileáil le hiompraíocht fhrithshóisialta agus an damáiste atá á dhéanamh don líon tithe.

D'fhonn úsáid éifeachtach ar líon tithe a chinntiú tá tús curtha le roinnt tionscnamh. Tá Scéim Laghdaithe Méide do thithe príobháideacha ceadaithe agus tá sé á cur i bhfeidhm faoi láthair. Tá tograí agus dreasachtaí i bhfeidhm le spreagadh a thabhairt dóibh siúd nach bhfuil uasmhéid áititheoirí ina n-aonaid a aistriú go haonaid níos lú tugtha chun críche. Ina theannta sin, ag an tús ba é an t-am slánúcháin do líon tithe a bhí ann 23 seachtain, ach tá sé laghdaithe go 16 seachtain anois.

D'fhonn cabhrú le tuiscint níos soiléire a fháil ar an ngaolmhaireacht idir tionónta/tiarna talún, forbraíodh Lámhleabhar do Thionóntaí agus eisíodh é do na tionóntaí uile le linn 2003. Tá nuachtlitir eisithe agus tá comhaontú cíosa athbhreithnithe curtha i bhfeidhm freisin.

BÓITHRE AGUS IOMPAR

Críochnaíodh tionscnamh athchóirithe Shráid Naomh Pádraig i 2004, agus bhí an t-aiseolas ar fad a fuaireamar mar gheall ar an obair athchóirithe dearfach.

Tá an dul chun cinn ar an gclár Athnuachana Sráide/Uirbeach ar lár na cathrach fós ag leanúint ar aghaidh – tá Céim 1 de Shráid an tSeandúin/ Sráid na hEaglaise críochnaithe agus tá 70% de Shráid Thomáis Dáibhis críochnaithe. Tá ag éirí go maith leis na hoibreacha ar Shráid Oilibhéir Phluincé id agus Bóthar Chúrsa an Uisce agus is cosúil go mbeidh siad réidh do 2005.

Cuirfear tús le hobair thógála ar Chuarbhóthar an Deiscirt/Acomhal Bhóthar Chionn tSáile in 2005. Tá Staidéar Féidearthachta ar Chuarbhóthar Chorcaí Thuaidh ar bun anois.

Cuireadh tús le hÁis Páirceála & Taistil ag an bhFuinseog Dhubh i mí na Samhna 2003. Tá sé ag feidhmiú go hiomlán anois agus tá 920 spás

ann. Tá an-tóir ar an áis seo agus bhain os cionn 120,000 duine leas as an tseirbhís in 2004. Tá dul chun cinn leanúnach ar siúl maidir le 10 slí ghlasa a fhorbairt agus a chur ar fáil. Tá dhá shlí ghlasa tógtha agus anois ag feidhmiú, mar a leagadh amach in CASP, tá dhá cheann eile á dtógáil agus dhá cheann sa bhreis air sin arís atá ag Céim 8 den phróiseas comhairlithe.

D'fhonn úsáid na dteicneolaíochtaí nua a chur chun cinn agus rogha agus solúbthacht níos fearr a sholáthar do chustaiméirí, tá tús curtha le córais teileafóin IVR agus íocaíochtaí WEB, le híocaíochtaí do chionta páirceála a dhéanamh. Cuireadh tús le tionscnamh nua freisin dar teideal "Park by Phone".

Tá Clár bliantúil le Dromchla a chur ar Bhóithre, Athnuachan Bóithre agus Cothabháil Bóithre Pleanáilte curtha i bhfeidhm, agus tá athnuachan á dhéanamh ar 6% de dhromchlaí bóithre in aghaidh na bliana. Tá scéim athnuachana na gcosán leathnaithe freisin.

Rinneadh athbhreithniú ar an gcóras ceadúnaithe maidir le stiúradh oibreacha bóthair agus cosán agus in 2003 cuireadh tús le "Directions for the control of Roadworks in Cork City". Tá Cláir um Shábháilteacht ar Bhóithre á gcur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre agus na Gardaí, mar iarracht sábháilteacht i ngach gné de bhóithre agus iompar a chur chun cinn.

ÁINEAS, CONLÁSTÍ AGUS CULTÚR

Tá obair feabhsúcháin déanta agus tá obair feabhsúcháin ar siúl go leanúnach i bpáirceanna agus ag siúlóidí taitneamhachta sa chathair. Tá Siúlóid Cois Abhann na Mardíge le críochnú i 2005. Tá conradh i bhfeidhm maidir le droichead do choisithe a dhéanamh agus tá idirbheartaíochtaí ar bun le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Ospidéal na Trócaire maidir leis an áit a bheidh ina bealach siúlóide.

Ceapadh Leisureworld mar riarthóirí cúrsa ar Galfchúrsa Bardasach Ted McCarthy i mí Iúil 2003 agus osclaíodh clubtheach nua in 2004.

Foilsíodh Dréacht-Staidéar ar Riachtanais Áineasa i mí Meán Fómhair 2003.

Tá Meitheal Oibre curtha le chéile le mionteagasc a ullmhú don Leabharlann Lárnach nua atá molta, agus táthar ag súil go mbeidh an mionteagasc réidh in Earrach na bliana 2005. Tá cainteanna fós ar siúl maidir le suíomh do Leabharlann na Carraige Duibhe-an Mhachain.

Cuireadh tús le hobair thógála ar leabharlann nua ag Bóthar na mBuaircíní in 2004 agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe go luath in 2005. Tá an chéim dearaidh do Leabharlann Bhaile an Easpaig beagnach críochnaithe anois agus bhí tairiscintí don obair á lorg in 2004.

Cuireadh tús le huaireanta oscailte breise sa leabharlann, agus tá na brainsí ar fad oscailte Dé Luain agus ag am lóin anois. Tá Leabharlann na Dúghlaise oscailte go deireanach san oíche freisin.

Cuireadh tús le tionscnaimh nua do dhaoine scothaosta lena n-áirítear clubanna leabhair, grúpaí ceoil agus grúpaí Gaeilge. Chuir Leabharlann Bhaile na mBocht seirbhís for-rochtana ar fáil do dhaoine scothaosta nach raibh ábalta a dtithe a fhágáil. Leanadh ar aghaidh ag spreagadh agus ag cur léitheoireacht i measc daoine óga chun cinn nuair a cuireadh tús le dhá thionscnamh ollmhóra – Clár Samhraidh na leabharlainne agus Féile Leabhar na Leanaí.

Tá críoch curtha anois le síneadh ar Mhúsaem Cathrach Chorcaí agus tá taispeántais shealadacha á reáchtáil sa spás seo. Forbraíodh taispeántas buan an mhúsaeim freisin.

Forbraíodh Plean Ealaíona Chorcaí 2000-2005 agus tá sé á chur i bhfeidhm. Cuirfidh an plean seo le cur chun cinn agus forbairt na n-ealaíon agus na hearnála cultúrtha laistigh de cheantar an údaráis áitiúil.

Rinneadh dul chun cinn ar phleanáil d'Fho-Stáisiún Dóiteáin ar bhruachbhailte an Iardheiscirt.

AN TIMPEALLACHT

Críochnaíodh Lár-Chóras Séarachta Chorcaí i 2004. Ó críochnaíodh an scéim tá athrú iomlán tagtha ar chóireáil agus diúscairt. Déantar an séarachas bréan ar fad a chóireáil ag ionad cóireála den chéad scoth ag Carrigrennan, seachas é a dhíscaoileadh isteach in Abhainn na Laoi agus é neamhchóirithe. Mar thoradh ar an obair seo tiocfaidh feabhas suntasach ar uiscí Abhann na Laoi agus Inbhir Loch Machan.

Críochnaíodh lintéir ar abhainn an Ghleanna, na Bríde agus an Kiln ag deireadh 2003 agus anois baileofar agus tabharfar an t-uisce stoirme ar fad, go héifeachtach agus go héifeachtúil, chuig na sruthchúrsaí, rud a laghdóidh fadhbanna le tuillte. Críochnaíodh obair feabhsúcháin ar Abhainn an Ghlaisín go luath i 2003, le stop a chur le tuillte sa Chlais Dhubh.

Faoin bPlean Infheistíochta um Sheirbhísí Uisce tá €15 milliún leithdháilte do nuachóiriú Plean Cóireála Uisce Bhóthar na Laoi. Cuirfidh nuachóiriú ar chumas an ionaid chóireála déileáil go héifeachtúil leis an méid uisce ar fad atá ag teastáil le freastal ar an éileamh atá ann faoi láthair agus an t-éileamh a cheapfar a bheidh ann amach anseo. Táthar ag súil go gcuirfear an tionscadal amach ar tairiscint i 2005.

Tá obair ar athshlánú agus athchur an phríomhlíonra uisce fós ar siúl. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le feabhas a chur ar bhunachar sonraí chustaiméirí na seirbhísí uisce. Tá clár maidir le suiteáil na méadar in áitribh neamhtheaghlaigh forbartha. De réir Beartais Phraghsála Seirbhísí Uisce an Rialtais cuireadh tús le comh-mhuirear uisce/uisce dramhaíola i 2004. D'fhonn athchúrsáil a spreagadh, cuireadh tús le córas píolótach i 2004, in aice leis na cosáin, le hábhar tirim atá le hathchúrsáil a bhailiú, agus beidh an córas seo ag feidhmiú ar fud na cathrach go luath i 2005. Cuireadh socruithe i bhfeidhm do chóras íocaíochta don mhéid bruscair atá agat do bhailiúchán bruscar agus oibríochtaí diúscartha, córas a bheidh á chur i bhfeidhm i 2005. Tá araidí rotha curtha ar fáil do beagnach custaiméirí uile na Comhairle Cathrach anois.

Lean an obair ar aghaidh leis an bPlean Bainistíochta Bruscair 1999-2004 a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air.

Rinneadh athbhreithniú ar an bPlean Bainistíochta Bruscair i 2002, agus táimid fós ag feidhmiú laistigh de théarmaí an phlean sin.
Bhí 41 suíomh athchúrsála nua ann faoi dheireadh 2004.

PLEANÁIL AGUS FORBAIRT

D'athlonnaigh an Stiúrthóireacht Pleanála agus Forbartha chuig áitreabh nua i 2002, áitreabh ag a raibh áiseanna páirceála ar leith ann do chustaiméirí.
Cinneadh líon iomlán de 3425 iarratas pleanála le linn na tréimhse ó 2001 go 2004 san áireamh. Glacadh leis an bPlean Forbartha a áiríonn tréimhse shé bliana go dtí 2010, tar éis dianchomhairliúcháin le páirtithe leasmhara maidir leis na gnáthaimh nua atá leagtha amach san Acht um Phleanáil agus Fhorbairt, 2000.

Céim eile i dtreo ullmhú agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais phleanála don chathair ba ea ullmhú agus glacadh le Taifead ar Struchtúir Chosanta agus Treoirlínte um Dhlús Cónaitheach. Críochnaíodh Straitéis do Dhuganna na Cathrach i 2001, agus glacadh le, agus foilsíodh Plean Straitéiseach Cheantar Chorcaí i mí Márta 2002. Tá obair le Plean Comhtháite Cheantar na Linne Duibhe/An tSeandúin á cur chun cinn ar siúl go leanúnach, mar aon le Scéim um Chónaí Os Cionn an tSiopa á cur chun cinn, á éascú agus a mheas. D'fhonn forbairt ar shuímh thréigthe a spreagadh, tá bunachar sonraí nua corparáideacha forbartha. Ina theannta sin, tá grúpa oibre tras-stiúrthóireachta bunaithe le forbairt ar shuímh thréigthe a aithint agus a bheith réamhghníomhach maidir le forbairt na suíomh sin a spreagadh. Cabhróidh sé seo le cinntiú go bhforbraítear an chathair go hardchaigheán.

Cuireadh tús le modúl nua forfheidhmithe le cabhrú le freagairt ar ghearáin a bhaineann le forbairt neamhúdaraithe agus comhlíonadh le ceadúnais agus coinníollacha pleanála a chinntiú.

PLEAN GNÍMH DO CHUSTAIMÉIRÍ

Cuireadh tús le Córas Bainistíochta Teagmhála in 2002. Ciallaíonn an córas go bhfuil modh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ann maidir le comhfhreagras a thagann isteach chuig an eagraíocht a rianú. Cuireadh tús leis an gcóras ar dtús le huiríll a thagann isteach ó ionadaithe tofa a rianú. Chomh maith leis sin, anois déileálann an córas le gearáin agus achomhairc a thagann chun cinn nuair a sháraítear ár gCairt do Chustaiméirí.

Osclaíodh Siopa Aon Ionaid ag Halla na Cathrach i 2003. Feidhmíonn sé mar phointe teagmhála singile do na cuairteoirí ar fad a thagann chuig Halla na Cathrach. Is féidir leis an bhfoireann atá ann iarratais a eisiúint/glacadh le hiarratais ar raon leathan de sheirbhísí, mar aon le faisnéis a thabhairt. Tá an t-aiseolas atá faighte againn thar a bheith dearfach agus déileálann an fhoireann le thart ar 150 cuairteoir in aghaidh an lae.

D'fhonn áisiúlacht ár gcustaiméirí a chinntiú tá Oifigí uile na Comhairle Cathrach oscailte i rith am lóin ó mhí Bealtaine 2004 ar aghaidh.

I 2004, forbraíodh agus cuireadh Cairt do Chustaiméirí agus Cód Iompraíochta i bhfeidhm agus tá siad ar fáil inár n-oifigí poiblí uile. Ar aon dul leis sin, cuireadh córas Gearán agus Achomhairc bunaithe ar sháruithe ar ár gCairt do Chustaiméirí i bhfeidhm.

Tá cártaí tráchta le fáil anois ag na cuntair phoiblí ar fad agus is féidir iad a líonadh isteach ar-líne freisin, mar iarracht aiseolas a fháil.

Leathnaíodh raon na roghanna íocaíochta ag baint úsáide as teicneolaíocht nua. Is féidir íocaíochtaí ar líne a dhéanamh anois do Mhuirir Bhruscair agus Cionta Páirceála agus tá seirbhís teileafóin uathoibríoch 24 huaire an chloig ar fáil a thugann deis do dhaoine íocaíochtaí do chionta páirceála a dhéanamh le cárta creidmheasa.

Rinneadh athfhorbairt ar láithreán gréasáin na Comhairle Cathrach **www.corkcity.ie** i 2004 leis na hathruithe a bhí tarlaithe ón Rialtas Áitiúil Níos Fearr a chur san áireamh. Gnéithe tábhachtacha den tionscadal seo ba ea profú Inrochtaineachta agus Míchumais agus bhí an láithreán gréasáin seo ar an ngearrliosta le Gradam an Rialtais Leictreonaigh a fháil. Tugann na Seirbhísí A-Z deis d'úsáideoirí sonraí a fháil go tapa maidir lenár bpríomhsheirbhísí.

Rinneadh suirbhé ar chustaiméirí i 2004 agus tá achoimre maidir le torthaí an tsuirbhé le fáil ar ár láithreán gréasáin.